# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann,
# Baile Átha Cliath

**Tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais chomhdhlúite**

**An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017**

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## Clár Ábhar


| | Leathanach |
|---|---|
| Tuarascáil an Uachtaráin | 1-3 |
| Ráiteas ar Rialachas agus Rialú Inmheánach | 4-11 |
| Ráiteas ar fhreagrachtaí an Údaráis Cheannais | 12 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 13-15 |
| Ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach | 16 |
| Ráiteas comhdhlúite agus Ollscoile ar athruithe i gcúlchistí | 17 |
| Ráiteas comhdhlúite agus Ollscoile ar staid airgeadais | 18 |
| Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid | 19 |
| Nótaí leis na ráitis airgeadais | 20-58 |
| Tuilleadh faisnéise | 59 |

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## Tuarascáil an Uachtaráin

### Raon Feidhme na Ráiteas Airgeadais

Comhdhlúthaítear sna ráitis airgeadais torthaí an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, ("Ollscoil" nó "UCD") agus torthaí na bhfochuideachtaí atá faoi lánúinéireacht aige.

Déantar na ráitis airgeadais de chuid Fhondúireacht UCD agus Aontas Mac Léinn UCD a ullmhú agus a iniúchadh ar leithligh agus ní chuirtear iad ar áireamh sna torthaí comhdhlúite don bhliain toisc nach bhfuil siad faoi rialú ag an Ollscoil.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais, mar atá leagtha amach ar leathanaigh 16 go 58, de réir FRS 102 - "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann".

### Torthaí don Bhliain

Is le fáil ar leathanach 16 de na ráitis airgeadais atá ráiteas comhdhlúite na hOllscoile ar ioncam cuimsitheach agus a glanbharrachas don bhliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2017. Tháinig méadú 4.9% ar ioncam iomlán le linn na bliana, agus é ag ardú ó €527.6m go €553.7m. Tháinig méadú €7.8m ar tháillí acadúla, agus iad ag ardú go €219.5m. Bhí an cistiú deontais Stáit ar aon dul leis an bhfigiúr don bhliain airgeadais roimhe, agus é cothrom le €62m.

I gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2016, tháinig méadú €15.1m (3%) ar chaiteachas iomlán, agus é ag méadú go €521.9m. Is é an toradh foriomlán atá á thuairisciú ná barrachas €32.1m tar éis cánachais don bhliain, i gcomparáid leis an mbarrachas €21.3m a bhí ann sa bhliain roimhe.

### Bainistíocht Cisteáin

Tháinig laghdú ar iarmhéideanna bainc agus airgid na hOllscoile le linn na bliana, agus iad ag dul ó €138m go €133.8m. De réir bheartas bainistíochta cisteáin na hOllscoile, is é cuspóir infheistíochta na hOllscoile an toradh is fearr is féidir a bhaint amach, agus riosca á íoslaghdú ag an am céanna. Laghdaigh iasachtaí ó €73.9m go €67.1m le linn na bliana.

### Príomhrioscaí agus príomhéiginnteachtaí

Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag UCD, rud lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú. Is iad seo a leanas roinnt de na príomhrioscaí agus de na príomhéiginnteachtaí atá ann:

- An riosca go dtiocfadh laghdú eile ar chistiú ón Rialtas
- An riosca go dteipfeadh ar an Ollscoil punann chothrom clár den scoth a sholáthar lena mealltar na mic léinn is fearr agus
- An riosca go bhforbrófaí an campas ar bhealach neamhchothrom neamhstruchtúrtha nó nach gcríochnófaí an fhorbairt sin de bharr saincheisteanna cistiúcháin.

### Plean Straitéiseach

Rinneamar dul chun cinn suntasach ar chuspóirí ár straitéise le bliain anuas agus tá spriocanna socraithe againn anois in aghaidh na nEochairtháscairí Feidhmíochta a comhaontaíodh leis an Údarás Ceannais, rud a chuireann ar ár gcumas faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn sin.

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## Tuarascáil an Uachtaráin *(ar lean)*

**Ionaid Dhomhanda UCD**

Ó seoladh Straitéis Rannpháirtíochta Domhanda UCD i mí Mheán Fómhair 2016 i leith, rinneadh méid suntasach gníomhaíochta agus rinneadh dul chun cinn suntasach ar ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Tháinig méadú eile ar an líon mac léinn idirnáisiúnta atá againn. Is ionann an líon anois agus 7,549 mac léinn agus tá mic léinn as 130 tír dhifriúil ag freastal ar chúrsaí ar ár gcampais i mBaile Átha Cliath i láthair na huaire.

**Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú**

Aithnímid na deiseanna agus na dúshláin araon a bhaineann le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a bhaint amach. Ar na dúshláin atá orainn ní mór dúinn deireadh a chur leis na bacainní ar chomhionannas atá ag dul i bhfeidhm ar bhaill dár bpobal Ollscoile.

**Caiteachas Caipitil**

Thabhaigh an Ollscoil agus a fochuideachtaí caiteachas €24.7m ar thalamh agus foirgnimh agus thabhaigh siad €7.4m eile ar threalamh agus feistis. D'fhág sé sin go raibh caiteachas caipitil iomlán €32.1m ann sa bhliain 2016/17.

Is le *Plean Straitéiseach Forbartha Campais UCD 2016-2021-2026* a threoraítear forbairt na nEastát fisiciúil. Leagtar amach sa phlean fís uaillmhianach le haghaidh ár gcampas a athshamhlú, foirgnimh chumaiscthe nua a thógáil chun tacú le fás sa todhchaí agus na seanfhoirgnimh a athchóiriú go forleathan.

Áirítear na nithe seo leis na forbairtí caipitil a rinneadh le déanaí agus atá beartaithe: (1) tús a chur leis an síneadh le Scoil Ghnó Lochlainn Uí Chuinn, rud a bheidh ina acmhainn cheannródaíoch agus a chuirfidh go mór le hacmhainní teagaisc UCD, (2) fuarthas cead pleanála le haghaidh Club Ollscoile UCD, rud a thacóidh le caidreamh a fhorbairt le hiarmhic léinn agus le comhpháirtithe sa tír seo agus i dtíortha eile, agus cur i gcrích á dhéanamh ar na saoráidí reatha comhdhála agus ócáide i Halla Uí Raghallaigh UCD, agus (3) an t-iarratas pleanála a cuireadh chuig an mBord Pleanála ar ár gcóiríocht do mhic léinn ar an gcampas a mhéadú faoi thart ar 3,000 spás leapa, rud a bheidh mar chuid de Mháistirphlean uaillmhianach Áras Cónaithe Mac Léinn UCD faoin reachtaíocht nua um fhorbairt straitéiseach tithíochta.

De bhreis air sin, ceapadh foireann deartha chun maoirseacht a dhéanamh ar an gcéad chéim eile d'athchóiriú agus síneadh Theach an Aird Mhóir mar chuid den Chlár um Thithe Seanré UCD a Chaomhnú. Ina theannta sin, tá oibreacha pleanála agus ullmhúcháin ar bun le haghaidh Ionad Ulysses a fhorbairt, rud a bhfuil comhoibriú idir UCD agus Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i gceist leis chun ní is díol spéise liteartha a mheallfaidh cuairteoirí idirnáisiúnta a chruthú.

Sa deireadh, tá obair chóir a bheith críochnaithe ar Institiúid Chonfúicias UCD d'Éirinn, a bheidh ina spás uathúil do rannpháirtíocht sa tSínis agus sa chultúr Síneach in Éirinn.

**Oideachas**

Ba é a bhí i gceist le hathbhreithniú ar an gcuraclam a bhí ar bun ar fud na hOllscoile agus a tháinig chun deiridh i mbliana ná iarracht chomhoibríoch ollmhór a raibh mar aidhm léi sainaithint a dhéanamh ar roinnt feabhsúchán a chuirfear chun feidhme i seisiún acadúil na bliana 2018. Bhí méadú mór ann ar an líon clár comhartheagaisc atá ann ar fud phobal na hOllscoile. Bhí méadú mór ann freisin ar theicneolaíochtaí nua a úsáid chun foghlaim níos éifeachtaí mac léinn agus tacaíocht níos éifeachtaí do mhic linn a éascú.

I mbliana, rangaíodh UCD sa chéad áit in Éirinn agus sa 75ú háit ar domhan i ranguithe Infhostaitheacht Céimithe QS.

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## Tuarascáil an Uachtaráin *(ar lean)*

**Oideachas** *(ar lean)*

Féachaimid i gcónaí leis an raon bealaí chun dul isteach in UCD a leathnú chun a chinntiú go méadóimid an rannpháirtíocht do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht. Tá feabhas tagtha ar éagsúlacht mac léinn a bhaint amach agus is amhlaidh anois gur as grúpaí faoi ghannionadaíocht do 29% de phobal na hOllscoile.

**Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar**

Lean UCD ar aghaidh le bliain anuas ag baint feidhmíocht láidir amach sa taighde, sa nuálaíocht agus sa tionchar. Bhí éachtaí maithe ann maidir le mórchláir chistithe agus le scoláireachtaí don duine aonair. Tá UCD i gceannas ar dhá cheann de na ceithre ionad náisiúnta taighde ar fhógair Fondúireacht Eolaíochta Éireann iad i mbliana: Ionad Taighde Bithgheilleagair Beacon agus Ionad Taighde Ard-déantúsaíochta I-Form. Mar thoradh ar éachtaí den chineál sin, mhéadaigh deontais taighde go €97.5 milliún i mbliana.

**Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha**

Le bliain anuas, rinneamar dul chun cinn suntasach ar chomhpháirtíochtaí a thógáil le heagraíochtaí atá lonnaithe anseo in Éirinn agus i dtíortha eile i réimse na forbartha tallainne, an taighde agus nuálaíochta agus na freagrachta sóisialta corparáidí. Chun earcaíocht céimithe agus intéirneachtaí a fhorbairt agus chun cur ar chumas mac léinn an leas is mó a bhaint as deiseanna, tá sé ríthábhachtach go dtógaimid comhpháirtíochtaí leis an lucht tionscail agus le heagraíochtaí eile.

**Tionscnaimh Sholáthar Foirne agus Forbairtí Beartais Acmhainní Daonna**

Leanann Rannóg Acmhainní Daonna UCD le díriú ar an mbealach is fearr chun straitéis daoine a sholáthar atá ar chomhréim go díreach le straitéis na hOllscoile suas go dtí an bhliain 2020. Ní hé amháin gur éirigh linn sa bhliain seo a chuaigh thart a lán tionscnamh a sholáthar ar mhaithe le hacmhainneacht ár mball foirne a fhorbairt, ach sholáthraíomar tairiscint níos simplí agus níos dírithe ar sheirbhísí freisin agus sinn ag obair i gcomhpháirt le pobal na hOllscoile agus ag freastal air.

Tacaíonn ár straitéis lenár bhfís um fhás trí dhaoine agus um éirí inár bhfostóir agus inár n-ollscoil a roghnaíonn daoine.

**Conclúid**

Bliain ghnóthach tháirgiúil a bhí sa bhliain 2016/17. Bíonn ag méadú ar an líon mac léinn atá rollaithe, idir mhic léinn náisiúnta agus mhic léinn idirnáisiúnta, rud a léiríonn an clú atá orainn as an oideachas agus eispéireas mac léinn a chuirimid ar fáil.

Thar ceann an Údaráis Cheannais,

____________________

Andrew Deeks
Uachtarán

Dáta:

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## Ráiteas ar Rialachas agus Rialú Inmheánach
*don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017*

**(1) Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh**
Tá freagracht fhoriomlán ar an Údarás Ceannais as córas rialaithe inmheánaigh na hOllscoile. Cumhdaíonn an córas rialaithe inmheánaigh gach rialú ábhartha, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, rialuithe oibriúcháin agus rialuithe comhlíonta agus córais bhainistíochta riosca a thacaíonn le haidhmeanna agus le cuspóirí na hOllscoile a bhaint amach agus a chosnaíonn an pobal mar aon le cistí agus sócmhainní eile as a bhfuil an Ollscoil freagrach.

**(2) Dearbhú Réasúnta in aghaidh Earráid Ábhartha**
Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha le bainistiú a dhéanamh, agus ní scor a dhéanamh, ar an riosca nach mbainfear aidhmeanna agus cuspóirí amach agus nach gcuirfear gnóthaí Ollscoile i gcrích ar bhealach slachtmhar agus dlisteanach. Mar sin, ní féidir le córas den sórt sin ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt in aghaidh míráiteas nó caillteanas ábhartha.

**(3) Rialachas agus an Timpeallacht Rialaithe Inmheánaigh**
Is é an tÚdarás Ceannais príomhchomhlacht rialachais agus cinnteoireachta na hOllscoile de réir Acht na nOllscoileanna, 1997. Tá sé freagrach as treo straitéiseach na hOllscoile a stiúradh, agus béim ar leith á cur aige ar mhaoirseacht a dhéanamh ar bheartas, ar fhaireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an lucht ardbhainistíochta agus ar a bheith ag obair leis an Uachtarán chun aidhmeanna straitéiseacha na hOllscoile a leagan síos. Tá an tÚdarás Ceannais faoi chathaoirleacht ag Cathaoirleach neamhspleách arna cheapadh de réir alt 17(3) d'Acht na nOllscoileanna, 1997.

Tá dhá bhuanchoiste faoi chomhdhéanamh buan ag an Údarás Ceannais, is iad sin: an Coiste Airgeadais, Luach Saothair agus Bainistíochta Sócmhainní agus an Coiste Iniúchóireachta agus Bainistíochta Riosca. Tá an dá bhuanchoiste faoi chathaoirleacht ag comhaltaí neamhspleácha den Údarás Ceannais. Ní baill foirne ná baill de chuallacht na mac léinn iad.

Tá an Coiste Airgeadais, Luach Saothair agus Bainistíochta Sócmhainní freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ghnóthaí airgeadais na hOllscoile agus as comhairle a chur ar an Údarás Ceannais maidir le hábhair a bhaineann le bainistíocht airgeadais na hOllscoile. Tá an coiste comhdhéanta de roinnt comhaltaí den Údarás Ceannais.

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Bainistíochta Riosca freagrach as comhairle a chur ar an Údarás Ceannais maidir le hábhair a bhaineann le hiniúchóireacht agus le bainistíocht riosca san Ollscoil. Tá an coiste comhdhéanta de roinnt comhaltaí den Údarás Ceannais agus de chomhaltaí seachtracha breise.

Faoi réir na sriantachtaí airgeadais a chinnfidh an tÚdarás Ceannais agus faoi réir athbhreithniú ag an údarás sin, agus faoi réir phrionsabail thraidisiúnta na saoirse acadúla, tá an Chomhairle Acadúil freagrach as gnóthaí acadúla na hOllscoile a rialú, lena n-áirítear curaclam na hOllscoile agus an teagasc agus an t-oideachas a sholáthróidh sí.

Is é an tUachtarán Príomhoifigeach na hOllscoile agus is é an tÚdarás Ceannais a cheapann é. Tá an tUachtarán freagrach as gníomhaíochtaí acadúla, gníomhaíochtaí riaracháin, gníomhaíochtaí airgeadais, gníomhaíochtaí pearsanra agus gníomhaíochtaí eile na hOllscoile a bhainistiú agus a stiúradh.

Tá Foireann Bhainistíochta na hOllscoile (FBO) comhdhéanta den Uachtarán agus d'oifigigh eile agus d'ardbhainisteoirí san Ollscoil. Tacaíonn roinnt fhoghrúpaí FBO le hobair Fhoireann Bhainistíochta na hOllscoile (an Grúpa um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar; an Grúpa um Oideachas, an Grúpa um Eispéireas na Mac Léinn; an Grúpa um Rannpháirtíocht Dhomhanda; an Grúpa um Thionscadail Chaipitil; an Grúpa um Chumarsáid agus Branda; an Grúpa um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú; agus Grúpa Pleanála Gnó na hOllscoile).

**(3) Rialachas agus an Timpeallacht Rialaithe Inmheánaigh** *(ar lean)*
Laistigh de struchtúr déabhlóidithe bainistíochta, tá na hArdoifigigh, na Príomhoidí Coláiste agus na Cinn Scoileanna/Aonad freagrach as a chinntiú go mbíonn rialuithe inmheánacha á bhfeidhmiú go héifeachtach dá réimsí freagrachta faoi seach. Tá beartais fhoirmiúla, nósanna imeachta foirmiúla, rialacháin fhoirmiúla agus treoirlínte foirmiúla i bhfeidhm do gach ceann de na príomhghníomhaíochtaí agus de na mórchórais laistigh den Ollscoil.

**(4) Próisis a úsáidtear chun rioscaí gnó a shainaithint agus chun meastóireacht a dhéanamh ar a n-impleachtaí airgeadais**
Chuir an Ollscoil córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú. Tá Clár Rioscaí ardleibhéil i bhfeidhm don Ollscoil, rud a ndéanann Foireann Bhainistíochta na hOllscoile athbhreithniú agus nuashonrú air. Tá Cláir Rioscaí i bhfeidhm do gach Coláiste agus do na príomhaonaid tacaíochta san Ollscoil freisin. Cuirtear Cláir Rioscaí nuashonraithe faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Bainistíochta Riosca ag gach cruinniú de chuid an Choiste. I gcás rioscaí a bhaineann le tionscadail agus le mórthionscnaimh, breithnítear iad mar chuid de na próisis phleanála agus chur chun feidhme a bhaineann leis na tionscadail agus leis na mórthionscnaimh faoi seach.

**(5) Sonraí faoi na mórchórais faisnéise atá i bhfeidhm, amhail buiséid, agus modhanna chun torthaí iarbhír a chur i gcomparáid le buiséid le linn na bliana**
Tá córas i bhfeidhm ag an Ollscoil chun buiséid bhliantúla a chomhaontú mar chuid de phróiseas buiséid bhliantúil. Is iad an Coiste Airgeadais, Luach Saothair agus Bainistíochta Sócmhainní agus an tÚdarás Ceannais a cheadaíonn na buiséid. Tar éis Straitéis na hOllscoile 2015-2020 a ghlacadh go déanach sa bhliain 2014, bogfaidh an Ollscoil i dtreo samhail Buiséadaithe Ilbhliantuil as seo amach. Bíonn faisnéis fíor-ama bhainistíochta ar fáil le linn na bliana agus eisítear tuairiscí míosúla do shealbhóirí buiséid. Déanann an Coiste Airgeadais, Luach Saothair agus Bainistíochta Sócmhainní athbhreithniú ar chuntais ráithiúla bhainistíochta / torthaí ráithiúla bainistíochta agus ar mheastacháin nuashonraithe.

**(6) Nósanna imeachta dea-chleachtais chun aghaidh a thabhairt ar na himpleachtaí airgeadais a ghabhann le mór-rioscaí gnó**
Feidhmíonn an Ollscoil córas údarás tarmligthe le haghaidh caiteachas sealbhóirí buiséid a cheadú de réir buiséid chomhaontaithe. Cuireadh beartais mhionsonraithe airgeadais agus nósanna imeachta mionsonraithe airgeadais le chéile agus nuashonraítear iad de réir mar is gá. Bíonn seisiúin oiliúna airgeadais ar fáil do Chinn Scoileanna/Aonad agus do shealbhóirí eile buiséid. Cuireann an Oifig Airgeadais agus líonra Bainisteoirí Airgeadais ar fud na gColáistí agus na nAonad Tacaíochta tacaíocht leanúnach ar fáil d'ardbhainisteoirí agus do shealbhóirí buiséid.

**(7) Nósanna Imeachta maidir le Faireachán a Dhéanamh ar Éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh**
Is trí na próisis seo a leanas a dhéantar faireachán agus athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh:

(i) Athbhreithniú leanúnach ag Foireann Bhainistíochta na hOllscoile agus soláthar ráiteas dearbhaithe bliantúil ag ardbhainisteoirí;

(ii) Tuarascáil Bhliantúil an Uachtaráin don Údarás Ceannais;

(iii) Tuarascálacha an Uachtaráin, a chuirtear i láthair ag gach cruinniú de chuid an Údaráis Cheannais;

(iv) Tuarascálacha ó chruinnithe de chuid an Choiste Airgeadais, Luach Saothair agus Bainistíochta Sócmhainní a bhaineann le hábhair phearsanra, airgeadais agus chaipitil, a chuirtear i láthair cruinnithe de chuid an Údaráis Cheannais;

**(7) Nósanna Imeachta maidir le Faireachán a Dhéanamh ar Éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh** *(ar lean)*

(v) Tuarascálacha ó chruinnithe de chuid na Comhairle Acadúla, a chuirtear i láthair cruinnithe de chuid an Údaráis Cheannais;

(vi) Tuarascálacha ón gCoiste Iniúchóireachta agus Bainistíochta Riosca a chuirtear i láthair cruinnithe de chuid an Údaráis Cheannais agus tuarascáil bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta agus Bainistíochta Riosca, rud ina gcuimsítear achoimre ar an obair a rinne an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí le linn na bliana agus tuairimí a tháinig as athbhreithniú an Choiste ar shocruithe bainistíochta riosca agus rialachais chorparáidigh;

(vii) Litreacha agus tuarascálacha bainistíochta ó iniúchóirí seachtracha na hOllscoile agus ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, a ndéanann an Coiste Iniúchóireachta agus Bainistíochta Riosca athbhreithniú orthu;

(viii) Tuarascálacha Dearbhú Cáilíochta; agus

(ix) Cur in iúl na dtorthaí ar athbhreithnithe tréimhsiúla eile.

**(8) Deimhniú an Athbhreithnithe ar Éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh**
Deimhníonn UCD go raibh na próisis faireacháin agus athbhreithnithe thuasluaite (i gCuid (7)) i bhfeidhm i rith na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017. Deimhníonn sé freisin nár sainaithníodh aon fhadhbanna a bhaineann le héifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus ar gá iad a nochtadh sa ráiteas seo.

**(9) Oibleagáidí Reachtúla**
Admhaíonn an tÚdarás Ceannais an fhreagracht atá air comhlíonadh oibleagáidí reachtúla a chinntiú agus is deimhin leis go bhfuil próisis i bhfeidhm ag lucht bainistíochta UCD chun comhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla uile is infheidhme maidir leis an Ollscoil a chumasú.

**(10) Cód Rialachais agus Cóid Iompair**
I mí an Mheithimh 2007, ghlac UCD Cód Rialachais a bhí bunaithe ar an Tuarascáil "Rialachas Ollscoileanna na hÉireann" ón Údarás um Ard-Oideachas/Chumann Ollscoileanna Éireann. I mí na Nollag 2012, ghlac an tÚdarás Ceannais leagan athbhreithnithe na bliana 2012 de "Rialachas Ollscoileanna na hÉireann". Bíonn an Ollscoil ag comhlíonadh an Chóid Rialachais Ollscoileanna 2012 agus déanann sí teagmháil ghníomhach, trí Chumann Ollscoileanna Éireann, leis an Údarás um Ard-Oideachas i leith Cód Rialachais athbhreithnithe a fhorbairt don earnáil.

Tá Lámhleabhar ar Struchtúr, Cód Cleachtais agus Nósanna Imeachta an Údaráis Cheannais i bhfeidhm, rud ina leagtar amach dualgais agus freagrachtaí na gcomhaltaí den Údarás Ceannais. Nuashonraíodh an Lámhleabhar sin is déanaí i mí Dheireadh Fómhair 2015.

Tá beartais i bhfeidhm lena rialaítear iompar na foirne. Is leis an gconradh fostaíochta a rialaítear iompar na foirne go príomha. Ceanglaítear ar fhostaithe cloí le raon beartas freisin agus tá sonraí faoi na beartais sin ar áireamh i bpaca tionscnaimh a eisítear d'fhostaithe nua in éineacht lena gconradh fostaíochta.

Tá gach beartas Acmhainní Daonna de chuid UCD ar fáil ar shuíomh Gréasáin UCD. Cuirtear nasc Gréasáin leis na beartais sin ar fáil sa chonradh fostaíochta a eisítear do gach ball foirne nua.

## Ráiteas ar Rialachas agus Rialú Inmheánach *(ar lean)*
*don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017*

**(11) Forbairtí Suntasacha ó thaobh Airgeadais de**
Áiríodh leis na forbairtí suntasacha ó thaobh airgeadais de a rinne difear do UCD sa bhliain seo a chuaigh thart:

(a) Roinnt tionscadal forbartha caipitil a bhí ag céimeanna éagsúla dul chun cinn le linn na bliana go dtí an 30 Meán Fómhair 2017, go háirithe an obair thógála a bhí ar siúl ar Instítiúid Chonfúicias.

(b) Rinneadh cuideachta nua darb ainm *Newman House Literary Centre Company Limited by Guarantee* a chorprú mar chomhfhiontar le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chun Músaem Litríochta Éireann nua a bhunú, a oibriú agus a bhainistiú. Beidh an Músaem ina ionad tiomnaithe oideachasúil agus turasóireachta a thabharfaidh faisnéis faoi shaol agus saothar James Joyce agus scríbhneoirí clúiteacha eile. Chláraigh an Oifig um Chlárú Cuideachtaí an chuideachta an 19 Nollaig 2016.

**(12) Beartas an Rialtais ar Phá**
Tá UCD ag comhlíonadh bheartas an Rialtais ar phá agus tá an creat imeachtaí do luach saothair comhaontaithe leis an Údarás um Ard-Oideachas faoi alt 25 d'Acht na nOllscoileanna, 1997.

**(13) Tuairisciú Airgeadais, Iniúchóireacht Inmheánach, Soláthar agus Diúscairt Sócmhainní**
Táthar ag tabhairt faoi gach nós imeachta cuí le haghaidh tuairisciú airgeadais, iniúchóireacht inmheánach, soláthair agus diúscairtí sócmhainní.

Tuairisciú Airgeadais: Tá córais i bhfeidhm chun na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite bhliantúla don Ollscoil a ullmhú, mar aon le ráitis airgeadais reachtúla do gach ceann dá fochuideachtaí.

Iniúchóireacht Inmheánach: Tá feidhm neamhspleách Iniúchóireachta Inmheánaí i bhfeidhm, a thuairiscíonn don Choiste Iniúchóireachta agus Bainistíochta Riosca (ar bhonn feidhme) agus don Uachtarán (ar bhonn riaracháin).

Soláthar: Chuir an Ollscoil beartais agus nósanna imeachta um sholáthar i bhfeidhm agus is gá an caiteachas neamhphá ar fad a sholáthar de réir na mbeartas agus na nósanna imeachta sin. Cuireadh na beartais agus na nósanna imeachta sin in iúl d'fhoireann teagaisc agus d'fhoireann neamhtheagaisc na hOllscoile. Féachann an Ollscoil le comhlíonadh iomlán nósanna imeachta agus treoirlínte soláthair a chinntiú. Bíonn an Ollscoil ag oibriú go gníomhach leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) agus leis na Seirbhísí Soláthair Oideachais chun a chinntiú go dtugtar faoi ghníomhaíochtaí soláthair de réir na samhla oibriúcháin atá curtha i bhfeidhm ag OGP. Tá an tsamhail sin á cur chun feidhme ón mbliain 2013 i leith agus tá an próiseas cur chun feidhme á bhainistiú ag OGP. Níl aon smacht ag an Ollscoil ar an bpróiseas sin. Tá moill leanúnach ann ar mheabhrán tuisceana a thabhairt chun críche idir OGP agus an Roinn Oideachais, ar meabhrán é ina leagfar amach na príomhghnéithe den tsamhail athbhreithnithe soláthair.

Faoin tsamhail ó OGP, tá an Ollscoil freagrach as treoirlínte soláthair a chomhlíonadh agus tá ceangal uirthi ag an am céanna leas a bhaint as soláthraithe atá roghnaithe ag OGP. Mar gheall ar chur chun feidhme leanúnach na samhla, agus go príomha ar shaincheisteanna acmhainne agus uainithe, ní bhítear in ann an t-aschur ó phróiseas OGP a mheaitseáil le riachtanais soláthair na hOllscoile i ngach cás. Mar sin, bíonn baol ann go rachaidh conarthaí in éag sula gcuirfear iad ar tairiscint an athuair. Bíonn baol ann freisin go bhfadófar conarthaí ar bhonn sealadach tar éis thréimhse bhunaidh an chonartha gan dul i mbun na bpróiseas cuí soláthair.

**(13) Tuairisciú Airgeadais, Iniúchóireacht Inmheánach, Soláthar agus Diúscairt Sócmhainní** *(ar lean)*
Sa chás nach féidir le OGP freastal ar iarraidh sholáthair, bíonn riosca ann freisin nach mbeidh ag an Ollscoil na hacmhainní a theastaíonn chun an próiseas riachtanach lena mbaineann a chríochnú. Leanann an Ollscoil leis an mbeagán acmhainní soláthair atá ar fáil di (tar éis di an chuid is mó dá foireann a chailleadh tráth bhunú OGP, agus í ag súil leis ag an am go dtiocfadh lánriachtanais soláthair na hearnála faoi shamhail OGP) a chur i bhfeidhm ar mhaithe leis an riosca sin a laghdú. Mar thoradh ar an aistriú mall conarthaí chuig OGP agus ar an laghdú ar leibhéil foirne soláthair UCD, áfach, níl ag an Ollscoil dóthain acmhainní anois chun an méid reatha caiteachais is gá a sholáthar ar bhonn tairisceana oscailte a láimhseáil.

Is í Oifig Soláthair UCD a reáchtálann tairiscintí thar ceann na hOllscoile. Cuireann sí tacaíocht agus oiliúint ar fáil don fhoireann ar fud na hOllscoile freisin. Chomh maith leis sin, tá córas ceannaigh láraithe ar líne curtha chun feidhme ag UCD le haghaidh ceannaitheoirí oilte, agus é mar aidhm leis comhordú gníomhaíochtaí ceannaitheoirí a fheabhsú ar fud na hOllscoile agus feabhas a chur ar leibhéil chomhlíonta i gcoitinne. Le linn na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017, leithdháileadh ár n-acmhainní ceannaigh go príomha ar na comórtais soláthair sin lena ngabhfadh na deiseanna is fearr chun coigilteas breise a bhaint amach.

Chuir UCD tairseach €25,000 i bhfeidhm agus a bheartais agus a nósanna imeachta um sholáthar á ndearadh aige. Beidh feidhm ag an tairseach ón 1 Eanáir 2016 agus ní mór an caiteachas ar fad os a cionn a chur faoi réir tairisceana. Roimh an dáta sin, ba í tairseach €60,000 a chuir UCD i bhfeidhm. Sainaithníodh go raibh 75 sholáthraí ann nár cuireadh na treoirlínte náisiúnta um sholáthar poiblí i bhfeidhm ina leith sa bhliain airgeadais 2017. Bhí luach comhcheangailte €5.4 milliún ar idirbhearta leis na soláthraithe sin sa bhliain. B'ionann agus €162 mhilliún caiteachas neamhphá iomlán na hOllscoile le linn na bliana, figiúr a chuimsíonn costais athfhillteacha agus costais chaipitil araon.

Maidir leis na cásanna sin ar sainaithníodh neamhchomhlíonadh beartas soláthair iontu, ba go príomha le conarthaí bainistíochta saoráidí a bhain na conarthaí. Bíonn UCD ag oibriú go gníomhach le OGP chun aghaidh a thabhairt ar na conarthaí atá amuigh. Sna cásanna sin ina meastar nach oiriúnach atá na creataí ó OGP, tá sé beartaithe ag UCD tairiscintí ar leithligh a reáchtáil i gcomhairle le OGP.

<u>Diúscairtí Sócmhainní:</u> Ní raibh aon diúscairtí talún/foirgneamh ann le linn na bliana.

**(14) Treoirlínte maidir le Tograí Caipitil a Mheasúnú agus a Bhainistiú**
Nuair is cuí, cloíonn UCD leis na Treoirlínte maidir le Tograí Caipitil a Mheasúnú agus a Bhainistiú. Déanann Grúpa Fhoireann Bhainistíochta na hOllscoile um Thionscadail Chaipitil maoirseacht ar chur chun feidhme na dtreoirlínte sin.

**(15) Beartas Taistil**
Tá beartas taistil agus nósanna imeachta gaolmhara i bhfeidhm ag UCD. Tá an beartas agus na nósanna imeachta ar fáil don fhoireann ar fad ar shuíomh Gréasáin na hOllscoile. Nuair a bhí an beartas agus na nósanna imeachta á bhforbairt, tugadh aird ar na ceanglais atá i gciorcláin taistil ón Roinn Airgeadais agus ar cheanglais na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le speansais fostaithe.

**(16) Luach ar Airgead**
Tá UCD ag leanúint na dtreoirlínte maidir le Luach ar Airgead a Bhaint Amach i gCaiteachas Poiblí.

**(17) Comhlíonadh Cánach**
Tá UCD ag comhlíonadh dlíthe cánach agus tá próisis i bhfeidhm aige chun dliteanais chánach a shainaithint agus chun a chinntiú go n-íoctar na dliteanais sin de réir mar a bhíonn siad dlite.

**(18) Cosaint Leanaí**
Tá Ráiteas maidir le Cosaint Leanaí i bhfeidhm ag UCD, de réir na dTreoirlínte Náisiúnta nuashonraithe.

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## Ráiteas ar Rialachas agus Rialú Inmheánach *(ar lean)*
*don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017*

**(19) Táillí agus Speansais an Údaráis Cheannais**
Ní íoctar aon táillí ar bith le comhaltaí an Údaráis Cheannais. Ba é €18,545 na speansais chomhiomlána a bhí iníoctha le comhaltaí seachtracha den Údarás Ceannais sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017. Íocadh na speansais sin de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais. Áirítear leis an bhfigiúr sin suim €2,545 a bhain le riaráistí do bhliain airgeadais roimhe.

**(20) Fochuideachtaí**
Tá feidhm ag Cód Rialachais UCD maidir le fochuideachtaí. Táirgeann gach fochuideachta ráitis airgeadais a ndéantar iniúchadh neamhspleách orthu agus a chuirtear ar áireamh i Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite UCD. Cuirtear ráitis airgeadais iniúchta reachtúla na bhfochuideachtaí i láthair an Choiste Airgeadais, Luach Saothair agus Bainistíochta Sócmhainní agus an Choiste Iniúchóireachta agus Bainistíochta Riosca.

**(21) Tuairisciú de Mheon Macánta – an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014**
Chuir an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Beartas um Nochtadh Cosanta i bhfeidhm ar aon dul leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

**(22) Cruinnithe an Údaráis Cheannais**
Bhí sé chruinniú ag an Údarás Ceannais sa bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017. Tá an taifead freastail do na cruinnithe sin leagtha amach thíos. Mionsonraítear sa taifead freastail an líon cruinnithe ar fhreastail gach comhalta orthu agus an líon cruinnithe a raibh gach comhalta i dteideal freastal orthu. Cé go raibh athrú sa chomhaltas ann sa tréimhse, tugtar faoi deara an dáta deiridh do chomhaltaí amach agus an dáta tosaithe do chomhaltaí isteach.

| | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| *Cathaoirleach* | |
| An tUas. Eugene McCague | 6/6 |
| *An tUachtarán* | |
| An tOll. Andrew J. Deeks | 6/6 |
| *An tOifigeach Acadúil Sinsearach (an Cláraitheoir)* | |
| An tOll. Mark Rogers | 3/6 |
| *Comhaltaí arna dtoghadh ag an bhFoireann Acadúil Ollúna* | |
| An tOll. Alan Baird | 6/6 |
| An tOll. Joe Carthy | 6/6 |
| An tOll. Orla Feely | 3/6 |
| An tOll. Pat Guiry | 6/6 |
| An tOll. Imelda Maher | 6/6 |
| An tOll. Dermot Moran | 4/6 |
| *Comhaltaí arna dtoghadh ag an bhFoireann Acadúil Neamh-Ollúna* | |
| An tOll. Comhlach Joseph Brady | 6/6 |
| An tOll. Comhlach Marie Clarke | 4/6 |
| An tOll. Comhlach John Dunnion | 5/6 |
| An tOll. Comhlach Russell Higgs | 5/6 |
| An tOll. Comhlach Wolfgang Marx | 3/6 |

## Ráiteas ar Rialachas agus Rialú Inmheánach *(ar lean)*
*don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017*

**(22) Cruinnithe an Údaráis Cheannais** *(ar lean)*

| | |
|---|---|
| *Comhaltaí arna dtoghadh ag an bhFoireann Neamhacadúil* | |
| Margaret Brindley Uas. | 5/6 |
| An tUas. Paul Harkin | 6/6 |
| An tUas. Hugo O'Donnell | 6/6 |
| *Oifigigh Thofa Aontas Mac Léinn UCD* | |
| An tUas. Conor Viscardi (go dtí an 14 Meitheamh 2017) | 5/5 |
| Lexi Kilmartin Uas. (go dtí an 14 Meitheamh 2017) | 5/5 |
| Róisín Ní Mhara (go dtí an 14 Meitheamh 2017) | 5/5 |
| Katie Ascough Uas. (ón 15 Meitheamh 2017) | 1/1 |
| An tUas. Eoin MacDomhnaill (ón 15 Meitheamh 2017) | 1/1 |
| An tUas. Robert Sweeney (ón 15 Meitheamh 2017) | 1/1 |
| *Comhaltaí arna dtoghadh ag na Mic Léinn Iarchéime* | |
| An tUas. Eoghan Murphy | 5/5 |
| *Comhaltaí arna n-ainmniú ag Eagraíochtaí* | |
| An tUas. Charles Coase | 6/6 |
| An tUas. Michael Feeney | 4/6 |
| *Comhaltaí arna n-ainmniú ag an Aire Oideachais* | |
| An Comh. Dermot Lacey | 6/6 |
| An Dr Vincent McHale | 6/6 |
| An Comh. Pat Nugent | 5/6 |
| *Comhaltaí arna dtoghadh ag Céimithe UCD de chuid Ollscoil na hÉireann* | |
| An Dr Michael Clark | 4/6 |
| Clíona de Bháldraithe Marsh Uas. | 4/6 |
| An Dr Maurice Treacy | 4/6 |
| *Ard-Mhéara Chathair Bhaile Átha Cliath* | *0/6* |
| *Comhaltaí arna dtoghadh ag Ollscoil na hÉireann* | |
| An tUas. Adrian Burke | 6/6 |
| An tOll. Emma Teeling | 4/6 |
| *Comhaltaí arna dtoghadh ag Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann* | |
| Mary Barrett Uas. | 5/6 |
| An tUas. Gary Carville | 3/6 |
| Mary Hilda Cavanagh Uas. | 5/6 |
| An tUas. Christy Curtin | 6/6 |
| An tUas. David Daniels | 5/6 |
| An tUas. John Paul Feeley | 6/6 |
| An tUas. Luie McEntire | 4/6 |
| An tUas. Barry Ward | 2/6 |

**(23) Cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Bainistíocht Riosca**
Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Bainistíocht Riosca sa bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017. Tá an taifead freastail do na cruinnithe sin leagtha amach thíos. Mionsonraítear sa taifead freastail an líon cruinnithe ar fhreastail gach comhalta orthu agus an líon cruinnithe a raibh gach comhalta i dteideal freastal orthu.

| | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| An tUas. Adrian Burke (Cathaoirleach) | 5/5 |
| Mary Barrett Uas. | 5/5 |
| An tUas. Martin Cosgrove | 3/5 |
| Isabel Foley Uas. (a ceapadh an 21 Márta 2017) | 1/1 |
| An Dr Russell Higgs | 5/5 |
| An tUas. Hugo O'Donnell | 5/5 |

**(24) Athbhreithniú ar Fheidhmíocht an Údaráis Cheannais**
Déanann an tÚdarás Ceannais athbhreithniú ar a fheidhmíocht agus ar a shocruithe oibre ar bhonn leanúnach agus déanann sé na hathruithe ábhartha de réir mar is gá. Áirítear leis na hathruithe sin leasuithe ar Reachtanna Ollscoile agus cúraimí áirithe a tharmligean chuig fochoistí.

Tugadh faoi athbhreithniú inmheánach féinmheastóireachta ar an Údarás Ceannais agus ar an dá bhuanchoiste atá aige le linn na bliana airgeadais roimhe (i.e. an bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016) agus tá próiseas ar siúl faoi láthair le haghaidh athbhreithniú seachtrach a sheoladh.

**(25) Tuarastal an Uachtaráin**
Ba é €187,791 an tuarastal a íocadh leis an Ollamh Andrew J. Deeks, Uachtarán na hOllscoile, don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017 (bunaithe ar thuarastal €185,350 in aghaidh na bliana suas go dtí an 31 Márta 2017 agus ar thuarastal €190,233 in aghaidh na bliana ón 1 Aibreán 2017).

**(26) Saincheisteanna Ginearálta Rialachais agus Cuntasachta**
Níl aon saincheisteanna ginearálta rialachais agus cuntasachta sa bhreis le tuairisciú ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, i leith na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017.

____________________________
Andrew Deeks
*Uachtarán*

Dáta:

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS CHEANNAIS

Ceanglaítear ar an Údarás Ceannais cloí le hAcht na nOllscoileanna, 1997, agus gach cuntas cuí agus iondúil a choinneáil ar an airgead a fhaigheann agus a chaitheann sí i cibé foirm a fhaomhfaidh an tÚdarás um Ard-Oideachas.

Tá freagracht ar an Údarás Ceannais freisin as Tuarascáil an Uachtaráin agus na ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais a ullmhú, rudaí ina dtugtar léargas fírinneach cóir ar staid ghnóthaí na hOllscoile agus ghrúpa na hOllscoile agus barrachas nó easnamh ghrúpa na hOllscoile don tréimhse.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an Údarás Ceannais:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- a lua cé acu a cloíodh nó nár cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Ollscoil ag feidhmiú.

Tá an tÚdarás Ceannais freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád, ina nochtar go réasúnta cruinn ag am ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus barrachas nó easnamh na hOllscoile agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn a ráitis airgeadais le hAcht na nOllscoileanna, 1997, agus leis an Ráiteas ar Chleachtas Molta Cuntasaíochta d'Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais agus go n-ullmhaítear iad de réir FRS 102 - *"An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann"*.

Tá an tÚdarás Ceannais freagrach as a chinntiú go ndéantar gnó na hOllscoile ar bhealach cóir agus rialta agus as gach sócmhainn atá faoina rialú oibriúcháin a chosaint agus, ar an ábhar sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

*Thar ceann an Údaráis Cheannais*

Andrew Deeks
*Uachtarán*

Dáta:

# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha Acht na nOllscoileanna, 1997. Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas comhdhlúite agus Ollscoile ar athruithe i gcúlchistí
- ráiteas comhdhlúite agus ollscoile ar staid airgeadais
- an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na hOllscoile agus ghrúpa na hOllscoile amhail an 30 Meán Fómhair 2017 agus ar ioncam agus caiteachas ghrúpa na hOllscoile don bhliain dar críoch an dáta sin de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

### *Béim ar ábhar – cistiú iarchurtha pinsin*

Gan mo thuairim ar na ráitis airgeadais a cháiliú, tarraingím aird ar Nóta 27 - Sochair Scoir.

Maidir leis na sócmhainní cistiúcháin phinsin iarchurtha a aithnítear i leith na Máistirscéime Pinsean (€1,340 milliún) agus Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (€22 mhilliún), léiríonn siad na forálacha reachtúla a bhaineann le cistiú na scéimeanna sin.

Agus sócmhainn €604 mhilliún á haithint i leith na Scéime Pinsean Eiseamláirí agus na Scéime Forlíonta Pinsean, táthar ag súil go gcuirfidh an Stát cistiú ar fáil chun freastal ar dhliteanais phinsin de réir mar a bhíonn siad dlite. Gné dhílis den chur chuige cuntasaíochta sin is ea an toimhde go gcuirfear aon ioncam a ghineann an Ollscoil i bhfeidhm ar an gcéad ásc chun speansais reatha a chomhlíonadh agus go bhfreastalóidh cistiú Stáit ar aon easnamh in acmhainní chun dliteanais phinsin amach anseo a chomhlíonadh.

### Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Ollscoil agus chomhlíon mé na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán.

Agus m'iniúchadh á dhéanamh agam, féachaim le brath ar fhianaise ó iniúchadh ar na ráitis airgeadais ag iniúchóirí arna bhfostú ag an Ollscoil. Creidim gur leor an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé agus go bhfuil sí oiriúnach do bhunús a thabhairt le mo thuairim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais agus ar ábhair eile

Chuir an Ollscoil faisnéis áirithe eile i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis sin:

- tuarascáil ón Uachtarán
- ráiteas ar rialachas agus rialú inmheánach
- ráiteas ar fhreagrachtaí an údaráis cheannais agus
- faisnéis bhreise lena réitítear an deontas Stáit a fuarthas i leith na bliana féilire 2017 agus an t-ioncam ón deontas Stáit a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Mo fhreagrachtaí as tuairisciú ar an bhfaisnéis sin agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht, déantar cur síos orthu san aguisín leis an tuarascáil seo.

*Neamhchomhlíonadh soláthair*

Nochtar sa ráiteas ar rialachas agus rialú inmheánach go ndearna an Ollscoil íocaíochtaí ab fhiú €5.4 milliún san iomlán le 75 sholáthraí sa bhliain faoi athbhreithniú i dtaca le hearraí agus seirbhísí ar ina leith nár chloígh na nósanna imeachta soláthair a úsáideadh leis na treoirlínte soláthair phoiblí.

**Seamus McCarthy**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**26 Meán Fómhair 2018**

## Freagrachtaí na gComhaltaí den Údarás Rialaithe

Tá na comhaltaí freagrach as

- na ráitis airgeadais a ullmhú sa riocht a leagtar síos faoi Acht na nOllscoileanna, 1997
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir de réir FRS102 sna ráitis airgeadais
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú cé acu is cuí nó nach cuí atá úsáid bhunús gnóthais leantaigh na cuntasaíochta, agus
- an rialú inmheánach sin a mheasann siad a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi Acht na nOllscoileanna, 1997, ráitis airgeadais na hOllscoile a iniúchadh agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud m'iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt i leith na ráiteas airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; déanaim dearadh agus feidhmiú ar nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchoireachta atá leordhóthanach agus oiriúnach do bhunús a thabhairt le mo thuairim. Tá an riosca a bhaineann le cliseadh míráiteas ábhartha a bhfuil calaois mar chúis leis a aimsiú níos airde ná an riosca a bhaineann le cliseadh míráiteas ábhartha a bhfuil earráid mar chúis leis a aimsiú. Is amhlaidh sin mar go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, nithe a fágadh amach d'aon ghnó, nithe a míléiríodh nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Déanaim conclúid ar oiriúnacht úsáid bhunús gnóthais leantaigh na cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, déanaim conclúid ar cé acu atá nó nach bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le teagmhais nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh ar chumas na hOllscoile leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an gconclúid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nochtuithe sin, ceanglaítear orm mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, is féidir go scoirfidh an Ollscoil de leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach mar thoradh ar theagmhais nó cúinsí sa todhchaí.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus ar cé acu a léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta bunúsacha agus na teagmhais sna ráitis airgeadais ar bhealach atá ina chur i láthair cóir.

Déanaim cumarsáid leis na daoine sin a gcuirtear de chúram orthu déileáil le rialachas maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair i dteannta na ráiteas sin agus ní thugaim aon chonclúid dearbhaithe de chineál ar bith ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó má tá an chuma uirthi ar shlí eile gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann i leith na faisnéise eile sin, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na nithe ar leith a ghabhann le comhlachtaí a fhaigheann cistiú suntasach ón Stát maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím i gcás go bhfuil ábhair ábhartha ann a bhaineann leis an dóigh ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím i gcás go bhfuil aon chásanna ábhartha ann nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe iontu nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú iontu.

Tuairiscím trí eisceacht freisin sa chás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach
An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017

| | Nóta | 2017 €'000 | 2016 €'000 (mar atá athluaite i nótaí 5 & 27) |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Táillí acadúla | 4 | **219,454** | 211,682 |
| Deontais Stáit | 3 | **62,028** | 61,952 |
| Deontais agus conarthaí taighde | 5 | **84,087** | 81,659 |
| Ioncam eile | 6 | **100,967** | 88,416 |
| Ioncam úis | 7 | **-** | 24 |
| Amúchadh deontas caipitil Stáit | 21 | **10,019** | 10,287 |
| Cistiú iarchurtha le haghaidh pinsean | 27 | **77,142** | 73,563 |
| **Ioncam iomlán** | | **553,697** | 527,583 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais foirne | 8 | **286,629** | 278,927 |
| Costais seirbhíse pinsin | 27 | **44,556** | 26,968 |
| Speansais oibriúcháin eile | 9 | **129,526** | 123,949 |
| Dímheas | 13 | **26,948** | 28,227 |
| Ús iníoctha | 10 | **1,626** | 2,091 |
| Ús pinsin | 27 | **32,586** | 46,595 |
| **Caiteachas iomlán** | | **521,871** | 506,757 |
| **Barrachas roimh ghnóthachain/caillteanais eile agus an sciar den bharrachas i gcomhfhiontair agus gnóthais chomhlacha** | | **31,826** | 20,826 |
| Sciar den bharrachas oibriúcháin i gcomhfhiontar | 14 | **466** | 570 |
| **Barrachas roimh cháin** | | **32,292** | 21,396 |
| Cánachas | 11 | **(226)** | (124) |
| **Barrachas don bhliain** | 12 | **32,066** | 21,272 |
| Gnóthachan achtúireach i ndáil le scéimeanna pinsean | 27 | **77,142** | 73,563 |
| Gluaiseacht sa phinsean atá infhaighte ón Stát | 27 | **(77,142)** | (73,563) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **32,066** | 21,272 |
| Ionadaithe ag: | | | |
| Ioncam cuimsitheach dearlaice don bhliain | | **-** | - |
| Ioncam cuimsitheach srianta don bhliain | | **-** | - |
| Ioncam cuimsitheach neamhshrianta don bhliain | | **32,066** | 21,272 |
| | | **32,066** | 21,272 |

Is le gníomhaíochtaí leanúnacha a bhaineann gach mír ioncaim agus caiteachais.

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar Athruithe i gCúlchistí
An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017

### Comhdhlúite

| | **Cúlchiste ioncaim agus caiteachais** | | | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| | Ioncam Dearl | Ioncam Srian | Ioncam Neamhshria nta | |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Iarmhéid ag an 1 Deireadh Fómhair 2015** | - | - | **380,013** | **380,013** |
| Coigeartú na bliana roimhe (nóta 29) | - | - | 8,234 | 8,234 |
| Iarmhéid athluaite ag an 1 Deireadh Fómhair 2015 | - | - | 388,247 | 388,247 |
| Barrachas ó ioncam agus caiteachas | - | - | 21,272 | 21,272 |
| **Iarmhéid ag an 30 Meán Fómhair 2016 (athluaite)** | - | - | **409,519** | **409,519** |
| Barrachas ó ioncam agus caiteachas | - | - | 32,066 | 32,066 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | - | **32,066** | **32,066** |
| **Iarmhéid ag an 30 Meán Fómhair 2017** | - | - | **441,585** | **441,585** |

### Ollscoil

| | **Cúlchiste ioncaim agus caiteachais** | | | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| | Ioncam Dearlaice | Ioncam Srianta | Ioncam Neamhshria nta | |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Iarmhéid ag an 1 Deireadh Fómhair 2015** | - | - | **385,088** | **385,088** |
| Coigeartú na bliana roimhe (nóta 29) | - | - | 8,234 | 8,234 |
| Iarmhéid athluaite ag an 1 Deireadh Fómhair 2015 | - | - | 393,322 | 393,322 |
| Barrachas ó ioncam agus caiteachas | - | - | 21,580 | 21,580 |
| **Iarmhéid ag an 30 Meán Fómhair 2016 (athluaite)** | - | - | **414,902** | **414,902** |
| Barrachas ó ioncam agus caiteachas | - | - | 30,438 | 30,438 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | - | **30,438** | **30,438** |
| **Iarmhéid ag an 30 Meán Fómhair 2017** | - | - | **445,340** | **445,340** |

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar Staid Airgeadais
Don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017

| | Nóta | Comhdhlúite **2017** **€'000** | Comhdhlúite 2016 €'000 (Mar atá athluaite i nótaí 16, 18 & 27) | Ollscoil **2017** **€'000** | Ollscoil 2016 €'000 (Mar atá athluaite i nótaí 16, 18 & 27) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | | | |
| Sócmhainní seasta | 13 | **747,384** | 742,238 | **745,512** | 737,368 |
| Sócmhainní oidhreachta | 14 | **13,293** | 13,224 | **13,293** | 13,224 |
| Infheistíochtaí | 14 | **53** | 53 | **7,053** | 7,053 |
| Infheistíochtaí i gcomhfhiontair | 14 | **2,598** | 2,432 | **2,608** | 2,608 |
| | | **763,328** | 757,947 | **768,466** | 760,253 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | |
| Stoic | 15 | **3,002** | 3,159 | **3,002** | 3,159 |
| Féichiúnaithe | 16 | **69,418** | 75,594 | **70,089** | 77,147 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 17 | **133,821** | 137,970 | **129,201** | 135,304 |
| | | **206,241** | 216,723 | **202,292** | 215,610 |
| **Creidiúnaithe:** suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 18 | **(217,168)** | (240,691) | **(214,618)** | (236,525) |
| **Glandliteanais reatha** | | **(10,927)** | (23,968) | **(12,326)** | (20,915) |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **752,401** | 733,979 | **756,140** | 739,338 |
| **Creidiúnaithe:** suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin | 19 | **(310,816)** | (324,460) | **(310,800)** | (324,436) |
| **Glansócmhainní seachas (dliteanas pinsin)/sócmhainn pinsin atá infhaighte** | | **441,585** | 409,519 | **445,340** | 414,902 |
| Dliteanas pinsin | 27 | **(1,966,431)** | (2,194,846) | **(1,966,431)** | (2,194,846) |
| Pinsean atá infhaighte | 27 | **1,966,431** | 2,194,846 | **1,966,431** | 2,194,846 |
| **Glansócmhainní lena n-áirítear (dliteanas pinsin)/sócmhainn pinsin atá infhaighte** | | **441,585** | 409,519 | **445,340** | 414,902 |
| **Cúlchistí neamhshrianta** | | | | | |
| Cúlchiste ioncaim agus caiteachais – neamhshrianta | | **441,585** | 409,519 | **445,340** | 414,902 |
| **Cúlchistí Iomlána** | | **441,585** | 409,519 | **445,340** | 414,902 |

Rinne na daoine seo a leanas na ráitis airgeadais a shíniú thar ceann an Údaráis Cheannais:

Andrew Deeks
*Uachtarán*

David Kelly
*Leas-Uachtarán um Airgeadas*

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid
Don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000<br>(mar atá athluaite) |
|---|---|---|
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Barrachas don bhliain | **32,066** | 21,272 |
| **Coigeartú le haghaidh míreanna neamhairgid** | | |
| Dímheas | **26,948** | 28,227 |
| Amúchadh deontas caipitil Stáit | **(10,019)** | (10,287) |
| Ioncam úis | **-** | (24) |
| Ús iníoctha | **1,626** | 2,091 |
| **Sreabhadh airgid oibriúcháin roimh ghluaiseacht i gcaipiteal oibre** | **50,621** | 41,279 |
| Laghdú/(méadú) i stoc | **157** | (408) |
| Laghdú/(méadú) i bhféichiúnaithe | **6,176** | (4,374) |
| Méadú i gcreidiúnaithe | **303** | 2,769 |
| **Gluaiseachtaí eile** | | |
| Deontais chaipitil neamhrialtais a aithníodh | **(4,230)** | 302 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **53,027** | 39,568 |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | |
| Deontais chaipitil a fuarthas | **5,532** | 9,159 |
| Ceannach infheistíochtaí | **(235)** | 251 |
| Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe | **(32,095)** | (30,892) |
| Ioncam infheistíochta | **-** | 24 |
| | **(26,798)** | (21,458) |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | |
| *Fiachas a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin:* | | |
| Laghdú in iasachtaí gearrthéarmacha | **(1,645)** | (422) |
| (Laghdú)/méadú i ndliteanais ghearrthéarmacha léasa | **(21,965)** | 21,965 |
| *Fiachas a bheidh dlite tar éis bliain amháin:* | | |
| Laghdú in iasachtaí fadtéarmacha | **(5,195)** | (6,529) |
| Laghdú i ndliteanais fhadtéarmacha | **-** | (23,357) |
| Ús iníoctha | **(1,626)** | (2,091) |
| | **(30,431)** | (10,434) |
| **(Laghdú)/méadú in airgead agus i gcoibhéisí airgid sa bhliain** | **(4,202)** | 7,676 |
| Airgead agus coibhéisí airgid i dtús na bliana | **137,434** | 129,758 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana** Nóta 24 | **133,232** | 137,434 |

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## Nótaí leis na ráitis airgeadais
Don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017

### 1. Beartais shuntasacha chuntasaíochta

Déantar achoimre thíos ar na beartais chuntasaíochta a mheastar a bheith ábhartha maidir leis an ráiteas airgeadais. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir ar fud na bliana agus don bhliain roimhe.

### a. Faisnéis ghinearálta agus bonn na cuntasaíochta

Ba mar chomhcholáiste de chuid Ollscoil na hÉireann a bunaíodh an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ar dtús sa bhliain 1908. Rinneadh amhlaidh le Cairt faoin Irish Universities Act, 1908. Athbhunaíodh é mar Ollscoil faoi Acht na nOllscoileanna, 1997, agus ainmníodh é Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath. Athraíodh an t-ainm go dtí an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, ina dhiaidh sin le hIonstraim Reachtúil Uimh. 447 de 1998, an tOrdú um Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath (Ainm Ollscoile a Athrú), 1998.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus de réir an Ráitis ar Chleachtas Molta: Cuntasaíocht d'Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais arna eisiúint ag an Higher Education Further Education SORP Board sa Ríocht Aontaithe, rud ar ghlac an Ollscoil go deonach é.

Cuirtear na ráitis airgeadais chomhdhlúite i láthair in euro toisc gurb é airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíche inar fheidhmigh an Ollscoil é. Cuirtear oibríochtaí eachtracha ar áireamh sna ráitis de réir na mbeartas atá leagtha amach thíos.

### b. Bonn an chomhdhlúthaithe

Comhdhlúthaítear i ráitis airgeadais an Ghrúpa ráitis airgeadais na hOllscoile agus a foghnóthas suas go dtí an 30 Meán Fómhair 2017.

Is ón dáta a fuarthas rialú orthu nó chuig an dáta a cailleadh rialú orthu a chomhdhlúthaítear na torthaí de chuid fochuideachtaí a ceannaíodh nó a díoladh.

Is faoi mhodh an cheannaigh a thugtar cuntas ar chomhcheangail ghnó. Nuair is gá, coigeartaítear ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí chun na beartais chuntasaíochta a úsáideann siad a chur i gcomhréir leo sin a úsáideann an Grúpa. Is ar chomhdhlúthú a chealaítear gach idirbheart, iarmhéid, ioncam agus speansas inghrúpa.

Níor comhdhlúthaíodh gníomhaíochtaí Aontas Mac Léinn UCD anseo toisc nach bhfuil na gníomhaíochtaí sin faoi rialú ag an Ollscoil. Níor cuireadh ráitis airgeadais Fhondúireacht UCD ar áireamh sna ráitis seo ach oiread toisc nach bhfuil sí faoi rialú ag an Ollscoil. Níor comhdhlúthaíodh gnóthais eile neamhábhartha a bhfuil leas ag an Ollscoil iontu.

B'ionann agus €0.3 milliún glansócmhainní Fhondúireacht UCD ag an 30 Meán Fómhair 2017. Mar sin, ní mheastar go bhfuil siad ábhartha. Aithnítear i ráitis airgeadais na hOllscoile na hidirbhearta airgeadais uile a rinneadh le Fondúireacht UCD le linn na bliana. Leanfaidh an Ollscoil le hathbhreithniú a dhéanamh gach bliain ar a caidreamh le Fondúireacht UCD agus ar fhorálacha FRS 102.

Chuir an Ollscoil cóiríocht oifige, úsáid trealamh oifige agus seirbhísí riaracháin ar fáil don Fhondúireacht sa tréimhse. Anuas air sin, thabhaigh an Ollscoil caiteachas ab fhiú €1.6 milliún a bhí iníoctha leis an bhFondúireacht i leith costais riaracháin eile a thabhaigh an Fhondúireacht ó thríú páirtithe. Ag an 30 Meán Fómhair 2017, bhí suim €3.0 milliún le híoc leis an bhFondúireacht ina leith sin.

Fuair an Ollscoil €15.9 milliún ón bhFondúireacht sa tréimhse chéanna le haghaidh oideachas agus taighde a chur chun cinn. Baineann €10 milliún den tsuim sin le tionscadail chaipitil agus cuirtear é ar áireamh faoin teideal Cistiú caipitil eile a fuarthas roimh ré laistigh de chreidiúnaithe. Ina theannta sin, rinne an Ollscoil suim €2.5 milliún i leith tionscadail chaipitil a aithint laistigh d'fhéichiúnaithe faoin teideal Cistiú caipitil eile atá infhaighte.

### 1. Beartais shuntasacha chuntasaíochta *(ar lean)*

### c. Gnóthas leantach

Is deimhin leis an Údarás Ceannais go bhfuil dóthain acmhainní ag grúpa na hOllscoile chun a oibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite go ceann i bhfad. Dá réir sin, leanann sé le bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid agus na ráitis airgeadais bhliantúla á n-ullmhú aige.

### d. Sócmhainní seasta inláimhsithe

*(i) Talamh agus foirgnimh*

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe de réir costais, glan ar dhímheas agus ar aon soláthar do bhearnú. Gearrtar dímheas ar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe, seachas talamh ruílse, ag rátaí a ríomhtar chun costas gach sócmhainne, lúide luach iarmharach measta, a dhíscríobh thar a saolré fhónta ionchasach de réir méid cothrom mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh ruílse | 50 bliain |
| Talamh agus foirgnimh ruílse | téarma an léasa |

Is ionann luach iarmharach agus an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair ó shócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, má tá an tsócmhainn ag an aois agus sa riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré fónta cheana féin.

Sa chás go bhfaightear talamh agus foirgnimh trí éadáil le cabhair ó dheontais ar leith, déantar iad a chaipitliú agus a dhímheas mar atá thuas. Cuirtear na deontais ghaolmhara chun sochair chuntas deontas caipitil iarchurtha agus scaoiltear iad chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais mar seo a leanas:

(1) Scaoiltear deontais chaipitil Stáit thar shaolré eacnamaíoch fhónta ionchasach na sócmhainne gaolmhaire ar bhonn atá comhsheasmhach leis an mbeartas dímheasa, agus
(2) Scaoiltear deontais neamhrialtais nuair a bhíonn an Ollscoil i dteideal an t-ioncam a fháil faoi réir aon choinníollacha a bhaineann le feidhmíocht a chomhlíonadh.

Tugtar cuntas ar fhoirgnimh atá á dtógáil de réir costais, bunaithe ar luach na ndeimhnithe ailtirí agus ar na costais dhíreacha eile a tabhaíodh go deireadh na bliana airgeadais. Ní dhímheastar iad go dtí go mbeidh siad in úsáid.

*(ii) Trealamh agus mionoibreacha*

Déantar trealamh a chosain níos lú ná €5,000 in aghaidh na míre aonair a dhíscríobh chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain inar ceannaíodh é. Is de réir costais a chaipitlítear gach cineál trealaimh eile. Dímheastar trealamh caipitlithe thar a shaolré eacnamaíoch fhónta mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Sócmhainní ar léas | 20 bliain nó an phríomhthréimhse léasa, más giorra í |
| Trealamh ríomhaire | 3 bliana |
| Trealamh, daingneáin agus feistis | 5 bliana |
| Mionoibreacha | 10 mbliana |

Sa chás go bhfaightear trealamh le cúnamh deontas sonrach Stáit, déantar é a chaipitliú agus a dhímheas de réir an bheartais thuasluaite. Cuirtear na deontais ghaolmhara chun sochair chuntas deontas caipitil iarchurtha agus scaoiltear iad chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais thar shaolré fhónta ionchasach an trealaimh ghaolmhair. Sa chás gur ó fhoinsí neamhrialtais a thagann an deontas gaolmhar, scaoiltear an deontas nuair a bhíonn an Ollscoil i dteideal an t-ioncam a fháil faoi réir aon choinníollacha a bhaineann le feidhmíocht a chomhlíonadh.

*(iii) Síntiúis*

Faigheann an Ollscoil sochair chomhchineáil ó am go chéile amhail bronntanais trealaimh. I gcás míreanna lena mbaineann luach suntasach a thugtar don ghrúpa – agus a gcaithfeadh an grúpa leo mar shócmhainní seasta inláimhsithe dá gceannófaí iad – caipitlítear iad de réir a luacha reatha agus dímheastar iad de réir an bheartais atá leagtha amach thuas. Tugtar cuntas ar an aithint ioncaim de réir an bheartais chuntasaíochta atá leagtha amach thíos (féach nóta 1(k)).

**1. Beartais shuntasacha chuntasaíochta** *(ar lean)*

**e. Sócmhainní oidhreachta**

Is i seilbh na hOllscoile atá cuid mhór sócmhainní lena mbaineann mórthábhacht stairiúil agus chultúrtha don Stát. Cuimsítear i mbailiúchán UCD tithe seanré, saothair ealaíne agus pictiúir agus déantáin eile.

Is cuid de bhonneagar oibre Champas na hOllscoile iad na tithe seanré. Caipitlítear iad sa ráiteas ar staid airgeadais de réir FRS 102. Maidir le saothair ealaíne a cheannaítear chun tairbhe don Ollscoil, caipitlítear iad sa ráiteas ar staid airgeadais de réir a gcostais bhunaidh agus ní dhímheastar iad.

**f. Ionstraimí airgeadais**

Aithnítear sócmhainní agus dliteanais airgeadais sa chás go n-éiríonn an Grúpa ina pháirtí i bhforálacha conarthacha na hionstraime.

Rangaítear dliteanais airgeadais agus ionstraimí cothromais de réir shubstaint na socruithe conarthacha a ndeachthas isteach iontu. Is é is ionstraim chothromais ann ná aon chonradh lena léirítear leas iarmharach i sócmhainní an ghrúpa tar éis gach ceann dá dhliteanais a bhaint.

**(i) Sócmhainní agus dliteanais airgeadais**

Tomhaistear gach sócmhainn agus dliteanas airgeadais de réir praghas idirbhirt ar dtús (costais idirbhirt san áireamh), ach amháin i gcás na sócmhainní airgeadais sin a rangaítear de réir luach cóir trí bhrabús nó caillteanas. Tomhaistear sócmhainní den sórt sin de réir luach cóir ar dtús (arb é an praghas idirbhirt gan aon chostais idirbhirt a áireamh é i bhformhór na gcásanna), ach amháin sa chás gurb ionann an socrú agus idirbheart maoiniúcháin. Tar éis aithint tosaigh, tomhaistear iad sin de réir costas amúchta trí úsáid a bhaint as an modh úis éifeachtaigh. Más ionann socrú agus idirbheart maoiniúcháin, tomhaistear an tsócmhainn airgeadais nó an dliteanas airgeadais de réir luach reatha na n-íocaíochtaí amach anseo arna lascainiú ar ráta margaidh úis le haghaidh ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar ionstraimí fiachais neamhreatha lena gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas a thomhas ina dhiaidh sin de réir costas amúchta trí úsáid a bhaint as an modh úis éifeachtaigh:

(a) Tugtar torthaí don sealbhóir (i) i bhfoirm suime seasta; nó (ii) de réir ráta seasta toraidh thar shaolré na hionstraime; nó (iii) de réir ráta athraitheach is comhionann, thar shaolré na hionstraime, le ráta tagartha úis aonair atá luaite nó inbhraite; nó (iv) mar theaglaim de ráta seasta nó de ráta athraitheach den sórt sin, ar choinníoll gur dearfach atá an dá ráta.
(b) Níl aon fhoráil chonarthach ann a d'fhágfadh, de bharr a téarmaí, go bhféadfadh an sealbhóir an phríomhshuim nó aon ús is inchurtha i leith na tréimhse reatha nó tréimhsí roimhe a chailleadh.
(c) Ní ag brath ar eachtraí amach anseo atá forálacha conarthacha lena gceadaítear don eisitheoir ionstraim fiachais a réamhíoc nó lena gceadaítear don sealbhóir an ionstraim a thabhairt ar ais don eisitheoir roimh aibíocht. Is é an aidhm atá leo an sealbhóir a chosaint ar mheath creidmheasa an eisitheora nó ar athrú ar rialú an eisitheora nó an sealbhóir nó an t-eisitheoir a chosaint ar athruithe i gcánachas nó i ndlí ábhartha.
(d) Níl aon torthaí coinníollacha ná aon fhorálacha réamhíocaíochta ann ach amháin iad sin a bhaineann leis an toradh ráta athraithigh a gcuirtear síos air i bpointe (a) agus iad sin a bhaineann leis na forálacha réamhíocaíochta a gcuirtear síos orthu i bpointe (c).

Maidir le hionstraimí fiachais a rangaítear mar chinn atá iníoctha nó infhaighte laistigh de bhliain amháin agus lena gcomhlíontar na coinníollacha thuas, is glan ar bhearnú a thomhaistear iad de réir shuim neamhlascainithe an airgid nó na comaoine eile a meastar go n-íocfar nó go bhfaighfear é/í.

**1. Beartais shuntasacha chuntasaíochta** *(ar lean)*

**f. Ionstraimí airgeadais** *(ar lean)*

**(i) Sócmhainní agus dliteanais airgeadais** *(ar lean)*

Maidir le hionstraimí fiachais eile nach gcomhlíontar na coinníollacha sin leo, tomhaistear iad de réir luach cóir trí bhrabús nó caillteanas.

Maidir le ceangaltais chun iasachtaí lena gcomhlíontar na coinníollacha thuas a thabhairt agus a fháil, tomhaistear iad de réir costais (a d'fhéadfadh a bheith nialasach) lúide bearnú.

Dí-aithnítear sócmhainní airgeadais sna cásanna seo a leanas agus sna cásanna sin amháin: a) nuair a théann in éag nó a ghlantar na cearta conarthacha chun an tsreafa airgid ón tsócmhainn airgeadais, b) nuair a dhéanann an Grúpa na rioscaí agus na tairbhí uile, beagnach, a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne airgeadais a aistriú chuig páirtí eile, nó c) nuair a dhéanann an Grúpa, in ainneoin roinnt rioscaí agus tairbhí suntasacha a bhaineann le húinéireacht a choinneáil, rialú na sócmhainne a aistriú chuig páirtí eile agus nuair a bhíonn ag an bpáirtí eile an cumas praiticiúil chun an tsócmhainn a dhíol ina hiomláine le tríú páirtí neamhghaolmhar agus nuair a bhíonn sé in ann an cumas sin a fheidhmiú go haontaobhach agus gan aon ghá le srianta breise a fhorchur ar an aistriú.

Ní dhí-aithnítear dliteanais airgeadais ach amháin nuair a chomhlíontar an oibleagáid a shonraítear sa chonradh, nuair a chealaítear í nó nuair a théann sí in éag.

**(ii) Tomhas luacha chóir**

Is é an fhianaise is fearr ar luach cóir ná praghas luaite ar shócmhainn chomhionann i margadh gníomhach. Sa chás nach bhfuil praghsanna luaite ar fáil, is é an praghas ar idirbheart le déanaí a bhaineann le sócmhainn chomhionann an praghas a úsáidtear mar fhianaise ar luach cóir, fad nár tháinig aon athrú suntasach ar chúinsí eacnamaíocha nó nach ndeachaigh méid suntasach ama thart ó rinneadh an t-idirbheart sin. Más rud é nach bhfuil an margadh gníomhach agus nach dea-mheastachán ar luach cóir iad idirbhearta a bhaineann le sócmhainn chomhionann, déanfaidh an t-eintiteas luach cóir a mheas trí theicníc luachála a úsáid.

**g. Gnóthais chomhfhiontair**

Is ionann gnóthais chomhfhiontair agus na foghnóthais sin a bhfeidhmíonn an Ollscoil agus páirtí eile rialú orthu i gcomhar le chéile.

*Grúpa*
I ráitis airgeadais an Ghrúpa, tugtar cuntas ar ghnóthais chomhfhiontair trí úsáid a bhaint as modh an chothromais. Is de réir praghas idirbhirt ar dtús (costais idirbhirt san áireamh) a aithnítear infheistíochtaí i ngnóthais chomhfhiontair. Coigeartaítear iad ina dhiaidh sin chun sciar an Ghrúpa den bhrabús nó caillteanas nó ioncam cuimsitheach eile an ghnóthais chomhlaigh a léiriú.

*Ollscoil*
I ráitis airgeadais na hOllscoile, tugtar cuntas ar infheistíochtaí i ngnóthais chomhfhiontair de réir costais lúide bearnú.

*Cáilmheas*
Maidir le cáilmheas a eascraíonn as gnóthais chomhfhiontair, rud arb ionann é agus aon bharrachas idir luach cóir na comaoine agus luach cóir na sócmhainní agus na ndliteanas in-sainaitheanta a fuarthas, déantar é a chaipitliú agus a dhíscríobh de réir méid cothrom thar an tsaolré eacnamaíoch fhónta, a chinntear a bheith cothrom le cúig bliana. Cuirtear aon iarmhéid neamhamúchta cáilmheasa ar áireamh i luach seilbhe na hinfheistíochta i ngnóthais chomhfhiontair

**1. Beartais shuntasacha chuntasaíochta** *(ar lean)*

**h. Stoic**

Luaitear stoic de réir a gcostais nó de réir a bpraghais mheasta díola, atá cothrom leis an nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Ríomhtar costas trí úsáid a bhaint as an modh 'is túisce isteach, is túisce amach'.

Nuair is cuí, déantar soláthar d'earraí atá as feidhm, mallghluaiseach nó lochtach.

Is ar na ráitis chomhdhlúite ar ioncam cuimsitheach a mhuirearaítear caiteachas a thabhaíonn an Ollscoil ar leabhair agus ar stoic intomhalta a mhaoinítear le deontais athfhillteacha.

**i. Bearnú sócmhainní**

Déantar sócmhainní, seachas iad sin a thomhaistear de réir luach cóir, a mheas i gcomhair táscairí bearnaithe ag dáta gach cláir chomhardaithe. Má tá fianaise oibiachtúil ann ar bhearnú, aithnítear caillteanas bearnaithe i mbrabús nó caillteanas mar atá leagtha amach thíos.

*Sócmhainní neamhairgeadais*
Bearnaítear sócmhainn sa chás go bhfuil fianaise oibiachtúil ann gurb amhlaidh, de bharr eachtra amháin nó níos mó a tharla tar éis aithint tosaigh, gur tháinig laghdú ar luach measta in-aisghabhála na sócmhainne. Is é an tsuim in-aisghabhála luach cóir na sócmhainne lúide costais díola agus luach úsáide na sócmhainne, cibé acu is airde.

Faightear an tsuim in-aisghabhála cáilmheasa ó thomhas a dhéanamh ar luach reatha shreabhadh airgid amach anseo na n-aonad giniúna airgid a bhfuil an cáilmheas ina chuid de. Maidir le haon chaillteanas bearnaithe a bhaineann le haonad giniúna airgid, leithdháiltear é ar dtús ar an gcáilmheas a ghabhann leis an aonad giniúna airgid agus ansin ar shócmhainní eile laistigh den aonad giniúna airgid ar bhonn pro rata.

Sa chás gurb ann do tháscairí ar laghdú ar chaillteanas bearnaithe, déantar an caillteanas bearnaithe roimhe a thástáil chun aisiompú a chinneadh. Aisiompaítear caillteanas bearnaithe ar shócmhainn bhearnaithe aonair a mhéid nach mbeidh de thoradh ar an aisiompú go mbeadh an luach athbhreithnithe in-aisghabhála níos airde ná an luach seilbhe murar aithníodh aon bhearnú. Sa chás go n-aisiompaítear bearnú i ndáil le haonad giniúna airgid, cuirtear an t-aisiompú i bhfeidhm ar dtús i leith shócmhainní an aonaid ghiniúna airgid (seachas cáilmheas) ar bhonn pro rata agus cuirtear é i bhfeidhm ansin i leith aon cháilmheasa a leithdháileadh ar an aonad giniúna airgid sin.

*Sócmhainní airgeadais*

I gcás sócmhainní airgeadais a shealbhaítear de réir costas amúchta, is é suim an bhearnaithe ná an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus luach reatha an tsreafa airgid mheasta amach anseo, arna lascainiú de réir ráta úis éifeachtach bunaidh na sócmhainne airgeadais.
I gcás sócmhainní airgeadais a shealbhaítear de réir costais lúide bearnú, is é an caillteanas bearnaithe ná an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus an meastachán is fearr ar an tsuim a gheofaí i leith na sócmhainne dá ndíolfaí í ag an dáta tuairiscithe.

Sa chás gurb ann do tháscairí ar laghdú ar chaillteanas bearnaithe agus gur féidir an laghdú a chur go hoibiachtúil i leith eachtra a tharla tar éis an bearnú a aithint, déantar an caillteanas bearnaithe roimhe a thástáil chun aisiompú a chinneadh. Aisiompaítear caillteanas bearnaithe ar shócmhainn airgeadais aonair a mhéid nach mbeidh de thoradh ar an aisiompú go mbeadh an luach athbhreithnithe in-aisghabhála níos airde ná an luach seilbhe murar aithníodh aon bhearnú.

## Nótaí leis na ráitis airgeadais *(ar lean)*
Don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017

### 1. Beartais shuntasacha chuntasaíochta *(ar lean)*

### j. Cánachas

*(i) Cáin Chorparáide agus Cáin Bhreisluacha*

Mar charthanas díolmhaithe, níl an Ollscoil faoi dhliteanas i leith cáin chorparáide ar aon cheann dá gníomhaíochtaí carthanúla. Tá sí cláraithe le haghaidh cáin bhreisluacha ach ní féidir léi cáin ionchuir a aisghabháil ar fhormhór a ceannachán toisc gurb ionann soláthar an oideachais agus gníomhaíocht dhíolmhaithe nach ngearrtar aon cháin aschuir ina leith. Is faoi CBL a thagann gníomhaíochtaí taighde agus tráchtála áirithe laistigh den Ollscoil. Tugann an Ollscoil aon ionchur nó aschur a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin ar ais do na Coimisinéirí Ioncaim.

Déantar gníomhaíochtaí trádála áirithe a dtugann an Ollscoil fúthu a riar trí roinnt dá fochuideachtaí agus dá comhfhiontair, ar eagraíochtaí tráchtála atá faoi dhliteanas i leith cáin chorparáide iad.

*(ii) Cánachas iarchurtha*

I gcás fochuideachtaí nach bhfuil stádas carthanúil acu agus atá faoi dhliteanas i leith cáin chorparáide dá bharr sin, aithnítear cánachas iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainithe go léir a bhí ann agus nach raibh aisiompaithe ag dáta an chláir chomhardaithe. Déantar soláthar ag na rátaí a mheastar a bheidh i bhfeidhm nuair a aisiompófar na difríochtaí uainithe. Is é is difríochtaí uainithe ann ná difríochtaí idir brabús inchánaithe agus torthaí, mar a luaitear sna ráitis airgeadais, a éiríonn as gnóthachain agus as caillteanais a chur ar áireamh i mbrabús inchánaithe i dtréimhsí atá éagsúil leis na tréimhsí ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Meastar gur ní in-aisghabhála í glansócmhainn chánach iarchurtha. Dá bhrí sin, ní aithnítear í ach amháin nuair is féidir a mheas, ar bhonn na fianaise infhaighte ar fad, go bhfuil sé níos dóichí ná a mhalairt go mbeidh brabús inchánaithe oiriúnach ann ar féidir aisiompú amach anseo na difríochta bunúsaí uainithe a bhaint astu.

### k. Aithint ioncaim

*Deontais Stáit*
Is bunaithe ar an tsamhail fabhraithe a aithnítear deontais ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí rialtais eile. Tomhaistear iad de réir luach cóir na sócmhainne a fuarthas nó atá infhaighte. Rangaítear deontais de réir cinn a bhaineann le hioncam agus cinn a bhaineann le sócmhainní. Maidir le deontais athfhillteacha agus deontais neamh-athfhillteacha a bhaineann le hioncam, aithnítear iad in ioncam thar an tréimhse ina n-aithnítear na costais ghaolmhara. Is thar shaolré fhónta na sócmhainne a aithnítear deontais a fhaightear ón Údarás um Ard-Oideachas nó ó chomhlachtaí rialtais eile i ndáil le sócmhainní seasta a cheannach nó a thógáil. Sa chás go n-iarchuirtear cuid de dheontas a bhaineann le sócmhainn, aithnítear an t-airgead sin mar ioncam iarchurtha.

*Táillí acadúla*
Aithnítear táillí acadúla sa tréimhse lena mbaineann siad.

*Deontais agus conarthaí taighde*
Is bunaithe ar an tsamhail feidhmíochta a aithnítear ioncam ó dheontais agus conarthaí taighde ó fhoinsí neamhrialtais. Is é sin le rá, aithnítear ioncam a mhéid a comhlíonadh coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht. Is iad seo a leanas na haicmí is coitianta d'idirbhearta den sórt sin:

*(i) Síntiúis nach bhfuil aon srianta ag gabháil leo*

Áirítear le síntiúis nach bhfuil aon srianta ag gabháil leo suimeanna a thugtar don Ollscoil i bhfoirm airgid nó sócmhainne, ar suimeanna iad nach bhfuil aon srian ag gabháil leo maidir le conas ba cheart iad a úsáid. Taifeadtar síntiúis den sórt sin sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach nuair a bhítear i dteideal an t-ioncam a fháil.

## Nótaí leis na ráitis airgeadais *(ar lean)*
Don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017

**1. Beartais shuntasacha chuntasaíochta** *(ar lean)*

**k. Aithint ioncaim** *(ar lean)*

*(ii) Deontais taighde ó fhoinsí neamhrialtais*

Aithnítear ioncam ó dheontais ó fhoinsí neamhrialtais sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach nuair a chomhlíontar coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht. Más rud é gurb ann do shrian ar úsáid agus nach bhfuil feidhm ag aon choinníollacha a bhaineann le feidhmíocht, taifeadtar an t-ioncam sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach nuair a bhíonn an Ollscoil i dteideal an t-ioncam a fháil.

Maidir le deontais lena ngabhann coinníollacha neamhchomhlíonta a bhaineann le feidhmíocht, sealbhaítear iad mar ioncam iarchurtha go dtí go gcomhlíontar na coinníollacha lena mbaineann. Is ag an am sin a thaifeadtar an t-ioncam sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

*Ioncam ó thaiscí gearrthéarmacha*

Cuirtear an t-ioncam ar fad ó thaiscí gearrthéarmacha chun sochair an chuntais ioncaim agus chaiteachais sa tréimhse inar tuilleadh é.

*Ioncam cíosa*

Aithnítear ioncam cíosa ó tháillí ceadúnais de réir méid cothrom thar théarma an léasa.

**l. Sochair scoir**

I gcás scéimeanna sochair shainithe, is iad na suimeanna a mhuirearaítear ar an mbarrachas oibriúcháin ná na costais a d'eascair as seirbhísí fostaithe le linn na tréimhse agus an costas a bhain le treoracha plean, le hathruithe a dhéanamh ar shochair, le socraíochtaí agus le ciorrúcháin. Cuirtear na suimeanna sin ar áireamh i gcostais foirne. Is ar bhrabús nó caillteanas a mhuirearaítear an costas úis ar an nglandliteanas sochair shainithe agus cuirtear é ar áireamh i gcostais mhaoiniúcháin. Maidir le haon atomhas a bhaineann le gnóthachain agus caillteanais achtúireacha, aithnítear é láithreach in ioncam cuimsitheach eile.

I gcás scéimeanna sochair shainithe, déantar an difríocht idir margadhluach shócmhainní na scéime (más ann dóibh) agus luach reatha dhliteanas na scéime arna meas ag achtúire a ríomh trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Faightear na luachálacha achtúireacha gach trí bliana ar a laghad agus nuashonraítear iad ag dáta gach cláir chomhardaithe.

Tomhaistear sochair fhadtéarmacha eile fostaithe de réir luach reatha na hoibleagáide sochair ag an dáta tuairiscithe.

*Sócmhainn Pinsin atá Infhaighte*

Faoi mar a phléitear níos mine i nóta 27, measann an Ollscoil go bhfuil a dliteanais phinsin faoi ráthaíocht ag an Stát. Dá bhrí sin, déantar dliteanas na scéimeanna pinsean a mheaitseáil le suim chomhionann atá infhaighte ag an Ollscoil ón Stát.

Cuirtear gluaiseachtaí ina leith sin ar áireamh sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach chun an ghluaiseacht bhunúsach sa dliteanas pinsin a chothromú. Léirítear sna ráitis airgeadais na costais phinsin iarbhír don Ollscoil.

**1. Beartais shuntasacha chuntasaíochta** *(ar lean)*

**m. Airgeadra eachtrach**

Taifeadtar idirbhearta in airgeadraí eachtracha de réir an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta an idirbhirt. Maidir le sócmhainní agus dliteanais airgid a bhí ainmnithe in airgeadraí eachtracha ag dáta an chláir chomhardaithe, tuairiscítear iad de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ag an dáta sin.

Aistrítear torthaí oibríochtaí thar lear de réir na meánrátaí malairte a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse agus de réir a gclár comhardaithe ag na rátaí a bhí i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe. Maidir le difríochtaí malairte a eascraíonn as na glansócmhainní oibriúcháin agus as torthaí oibríochtaí thar lear a aistriú, tuairiscítear iad in ioncam cuimsitheach eile agus carntar iad i gcothromas (áit a gcuirtear iad i leith leasanna neamh-urlámhais, de réir mar is cuí).

Ach amháin i gcás na nithe seo a leanas, is i mbrabús nó caillteanas a aithnítear difríochtaí malairte eile sa tréimhse inar tháinig siad chun cinn:

- Difríochtaí malairte ar idirbhearta a dhéantar chun rioscaí áirithe airgeadra eachtraigh a fhálú (féach thuas);
- Difríochtaí malairte a eascraíonn as gnóthachain nó caillteanais ar mhíreanna neamhairgid, a aithnítear in ioncam cuimsitheach eile; agus
- I gcás ráitis airgeadais chomhdhlúite, difríochtaí malairte ar mhíreanna airgid atá infhaighte ó oibríocht eachtrach nó atá iníoctha le hoibríocht eachtrach, sa chás nach bhfuil sé beartaithe iad a ghlanadh nó nach dóigh go nglanfar iad (dá bhrí sin, is cuid den ghlaninfheistíocht san oibríocht eachtrach iad). Aithnítear na difríochtaí sin in ioncam cuimsitheach eile ar dtús agus tuairiscítear iad faoi chothromas.

**n. Léasanna**

Maidir le sócmhainní a shealbhaítear faoi léasanna airgeadais, faoi chonarthaí fruilcheannaigh nó faoi shocruithe eile den chineál céanna lena dtugtar cearta agus oibleagáidí atá cosúil leo sin a ghabhann le sócmhainní faoi úinéireacht, caipitlítear iad mar shócmhainní seasta inláimhsithe de réir luach cóir na sócmhainne ar léas (nó, más ísle é, de réir luach reatha na n-íocaíochtaí íosta léasa mar a cinneadh i dtús an léasa). Dímheastar iad thar théarma an léasa nó thar a saolré fhónta, cibé acu is giorra. Is mar dhliteanais a thaifeadtar na gnéithe caipitil d'oibleagáidí léasa amach anseo. Muirearaítear na gnéithe úis ar an ráiteas ar ioncam cuimsitheach thar thréimhse na léasanna ionas gur féidir ráta tréimhsiúil seasmhach úis a tháirgeadh ar iarmhéid an dliteanais atá fágtha.

Is de réir méid cothrom thar théarma an léasa a mhuirearaítear cíosanna faoi léasanna oibriúcháin, fiú amháin sa chás nach ndéantar na híocaíochtaí ar an mbonn sin. Is de réir méid cothrom thar théarma an léasa freisin a leatar na sochair a fuarthas agus atá infhaighte mar dhreasacht chun léas oibriúcháin a shíniú.

## 2. Breithiúnais thábhachtacha chuntasaíochta agus príomhfhoinsí na héiginnteachta meastacháin

Le linn dóibh beartais chuntasaíochta an Ghrúpa a chur i bhfeidhm, ar beartais iad a gcuirtear síos orthu i nóta 1, ceanglaítear ar na comhaltaí den Údarás Ceannais breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh maidir le suimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas nach bhfuil soiléir ó fhoinsí eile cheana féin. Tá na meastacháin agus na toimhdí lena mbaineann bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile a mheastar atá ábhartha. D'fhéadfadh na torthaí iarbhír bheith éagsúil leis na meastacháin sin.

Déantar athbhreithniú ar na meastacháin agus ar na buntoimhdí ar bhonn leanúnach. Aithnítear leasuithe ar mheastacháin chuntasaíochta sa tréimhse inar leasaíodh an meastachán sa chás nach dtéann an leasú i bhfeidhm ach ar an tréimhse sin. Is i dtréimhse an leasaithe agus i dtréimhsí amach anseo a aithnítear an leasú sa chás go dtéann an leasú i bhfeidhm ar an tréimhse airgeadais reatha agus ar thréimhsí airgeadais amach anseo araon.

### Breithiúnais thábhachtacha le linn beartais chuntasaíochta an Ghrúpa a chur i bhfeidhm

Is iad seo a leanas na breithiúnais thábhachtacha, seachas iad sin a raibh meastacháin i gceist leo (a phléitear ar leithligh thíos), a thug an tÚdarás Ceannais le linn dó beartais chuntasaíochta an Ghrúpa a chur i bhfeidhm agus a raibh an tionchar is mó acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

(1) Tugtar le fios in anailís a rinne an Ollscoil nach bhfuil aon dianoibleagáid dhlíthiúil ann critéir feidhmíochta a chomhlíonadh le síntiúsóirí príobháideacha. Tugtar le fios inti freisin go dtagann aon chistiú caipitil a fuarthas faoin sainmhíniú ar shíntiúis nach bhfuil aon téarmaí agus coinníollacha ag gabháil lena n-úsáid. A luaithe atá foirgneamh in úsáid, is féidir a mheas gur comhlíonadh na critéir feidhmíochta.

(2) Faoi mar a phléitear níos mine i nóta 27, measann an Ollscoil go bhfuil a dliteanais phinsin faoi ráthaíocht ag an Stát. Dá bhrí sin, déantar dliteanas na scéimeanna pinsean a mheaitseáil le suim chomhionann atá infhaighte ag an Ollscoil ón Stát.

(3) Ní aithníonn an Ollscoil ioncam taighde ach amháin a mhéid gur tabhaíodh caiteachas láncháilitheach ábhartha. Tá an caiteachas sin in-aisíoctha go hiomlán ag an ngníomhaireacht cistiúcháin taighde. Tá an mhodheolaíocht cuntasaíochta sin bunaithe ar an gcleachtas stairiúil. Tá sí ina léiriú cothrom ar na hoibleagáidí feidhmíochta a cheanglaítear faoin gconradh agus is í an sásra comhaontaithe cistiúcháin atá i bhfeidhm leis na comhlachtaí cistiúcháin taighde.

(4) Rinne an tÚdarás Ceannais breithniú ar shubstaint na n-idirbheart a thuairisciú maidir le sócmhainní áirithe atá in úsáid ag an Ollscoil sa chás go léireodh foirm dhlíthiúil na n-idirbheart uile nach bhfuil na sócmhainní uile nó cuid díobh faoi úinéireacht ag an ngrúpa. Is sna ráitis airgeadais chomhdhlúite a léirítear substaint airgeadais na n-idirbheart uile agus, mar sin, cuirtear luach iomlán na sócmhainní sin ar áireamh i sócmhainní seasta.

### Príomhfhoinsí na héiginnteachta meastacháin

Ríomhtar an dliteanas pinsin gach bliain, bunaithe ar thoimhdí achtúireacha ó achtúire cáilithe neamhspleách. Áirítear leis na toimhdí achtúireacha rátaí lascaine, méaduithe tuarastail, méaduithe pinsin agus rátaí boilscithe.

### 3. Deontais Stáit

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Stáit a leithdháileadh chun críocha athfhillteacha | **62,028** | 61,952 |

Fuarthas ioncam deontais €2,893,250 (2016: €2,897,812) ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) sa bhliain 2017. Ba ón Údarás um Ard-Oideachas (HEA) a fuarthas an t-ioncam deontais eile ar fad.

### 4. Táillí acadúla

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam ó tháillí acadúla | **219,454** | 211,682 |

Ba go díreach ó HEA a fuarthas suim iomlán €43,820,874 (2016: €43,409,790), a chuirtear ar áireamh mar ioncam ó tháillí acadúla.

### 5. Deontais agus conarthaí taighde

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 (mar atá athluaite) |
|---|---|---|
| Comhlachtaí stáit agus leathstáit | **49,556** | 47,151 |
| An tAontas Eorpach | **13,937** | 14,511 |
| An Earnáil Tionsclaíochta | **2,371** | 4,050 |
| Deontas forchostas ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann | **6,074** | 5,828 |
| Eile | **12,149** | 10,119* |
| | **84,087** | 81,659 |

*Mar atá leagtha amach i nóta 29, rinneadh deontais agus conarthaí taighde a athlua tríd an ioncam a mhéadú faoi €0.356 milliún.

### 6. Ioncam eile

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Lónadóireacht agus comhdhálacha | **2,708** | 2,420 |
| Ioncam cíosa ó árais chónaithe ar an gcampas | **27,581** | 22,360 |
| Ioncam cíosa eile | **1,439** | 1,532 |
| Ioncam ó thástálacha leighis | **16,905** | 16,797 |
| Saoráidí agus ranna acadúla | **35,296** | 33,939 |
| Ioncam oibriúcháin eile | **12,808** | 11,368 |
| Deontais chaipitil neamhrialtais a aithníodh | **4,230** | - |
| | **100,967** | 88,416 |

### 7. Ioncam úis

| | **2017** | 2016 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Ioncam úis | - | 24 |

### 8. Costais foirne

Agus é curtha i láthair mar choibhéis lánaimseartha, ba é seo a leanas an meánlíon seachtainiúil daoine (sealbhóirí poist shinsearaigh ar áireamh) a bhí fostaithe ag an Ollscoil le linn na bliana:

| | **2017** | 2016 |
|---|---|---|
| | **An líon Fostaithe** | An líon Fostaithe |
| Teagasc agus taighde | 3,412 | 3,428 |
| Réimsí teicniúla | 234 | 240 |
| Riarachán láir agus seirbhísí | 1,232 | 1,238 |
| | 4,878 | 4,906 |

| | **2017** | 2016 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Tuarastail agus pá | **241,697** | 232,627 |
| Costais leasa shóisialaigh | **19,669** | 18,326 |
| Costais phinsin an fhostóra | **25,263** | 27,974 |
| | **286,629** | 278,927 |

**Costais a bhaineann le pinsean**

| | **2017** | 2016 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Costais phinsin an fhostóra | **25,263** | 27,974 |
| Costais phinsin incriminteacha atá frithgheallta ag an Stát | **44,556** | 26,968 |
| Costas seirbhíse reatha (nóta 27) | **69,819** | 54,942 |

**Luach saothair an phríomhphearsanra bainistíochta**

Is é an príomhphearsanra bainistíochta ná na daoine sin atá ar Fhoireann Bhainistíochta na hOllscoile. Tá Foireann Bhainistíochta na hOllscoile comhdhéanta den Uachtarán, den seisear Príomhoidí Coláiste agus de na Leas-Uachtaráin (an Sparánaí, an Cláraitheoir, an Leas-Uachtarán um Thaighde, an Leas-Uachtarán um Rannpháirtíocht Dhomhanda agus an Stiúrthóir Acmhainní Daonna). Cuimsíonn an luach saothair tuarastal agus sochair, lena n-áirítear an ranníocaíocht pinsin ón bhfostóir agus costais shóisialta.

Ba é €1,988,480 (2016: €1,939,181) an luach saothair iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta don bhliain.

**8. Costais foirne** *(ar lean)*

**Tuarastail os cionn €60,000**

Ceanglaítear le Ciorclán 13/2014 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar an Ollscoil an líon ball foirne ar tháinig a luach saothair faoi gach banda €10,000 ó €60,000 agus os a chionn a nochtadh. Is é seo a leanas an líon ball foirne sin, agus a luach saothair leagtha amach i mbandaí tuarastail €10,000:

| **Bandaí Tuarastail** | | |
|---|---|---|
| **€** | **2017** | 2016 |
| 60,000 – 70,000 | 284 | 293 |
| 70,001 – 80,000 | 340 | 355 |
| 80,001 – 90,000 | 286 | 282 |
| 90,001 – 100,000 | 140 | 97 |
| 100,001 – 110,000 | 70 | 70 |
| 110,001 – 120,000 | 45 | 21 |
| 120,001 – 130,000 | 17 | 47 |
| 130,001 – 140,000 | 106 | 67 |
| 140,001 – 150,000 | 4 | 8 |
| 150,001 – 160,000 | 6 | 3 |
| 160,001 – 170,000 | 4 | 4 |
| 170,001 – 180,000 | 1 | 1 |
| 180,001 – 190,000 | 8 | 5 |
| 190,001 – 200,000 | 3 | 4 |
| 200,001 – 210,000 | 1 | 0 |
| 210,001 – 220,000 | 0 | 1 |
| 220,001 – 230,000 | 3 | 4 |
| 230,001 – 240,000 | 0 | 0 |
| 240,001 – 250,000 | 0 | 1 |
| 250,001 – 260,000 | 1 | 0 |
| 260,001 – 270,000 | 1 | 0 |
| 320,001 – 330,000 | 0 | 1 |
| 330,001 – 340,000 | 1 | 0 |
| **Mór-Iomlán** | **1,321** | 1,264 |

B'ionann ranníocaíochtaí iomlána pinsin ón bhfostóir i ndáil leis na fostaithe thuas agus €10,810,034 sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017 (2016: €10,349,289).

### 9. Speansais oibriúcháin eile

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 (mar atá athluaite) |
|---|---|---|
| Taighde (neamhphá) | **18,108** | 17,792 |
| Cothabháil agus slándáil | **17,996** | 18,241 |
| Soláthairtí saotharlainne | **9,889** | 8,766 |
| Táillí gairmiúla | **5,418** | 5,307* |
| Costais chonarthaí seachtracha | **7,636** | 7,437 |
| Taisteal agus fáilteachas | **11,414** | 10,450 |
| Soláthairtí ríomhaire | **3,984** | 3,748 |
| Priontáil, stáiseanóireacht agus ábhair chlosamhairc | **2,850** | 3,386 |
| Leabhair agus tréimhseacháin | **3,356** | 3,536 |
| Solas agus teas | **5,682** | 5,937 |
| Saoráidí mac léinn | **4,334** | 3,658* |
| Rátaí agus árachas | **4,953** | 5,177 |
| Trealamh | **2,838** | 2,525 |
| Oiliúint, forbairt agus scoláireachtaí | **18,952** | 15,947* |
| Cumarsáid | **886** | 910 |
| Fógraíocht agus cur chun cinn | **2,635** | 2,321 |
| Speansais eile | **8,595** | 8,811* |
| | **129,526** | 123,949 |

* Athluadh suimeanna na bliana roimhe do Tháillí Gairmiúla agus Oiliúint, forbairt agus scoláireachtaí faoi €0.7 milliún agus athluadh suimeanna na bliana roimhe do Shaoráidí mac léinn agus Speansais eile faoi €0.5 milliún, gan aon tionchar a bheith ann ar na speansais oibriúcháin eile iomlána. Rinneadh amhlaidh chun a chinntiú go gcuirfí na figiúirí i láthair go comhsheasmhach leis an mbliain reatha.

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Áirítear na nithe seo le speansais oibriúcháin eile: | | |
| Luach saothair an iniúchóra: | | |
| - An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste | **30** | 33 |
| - Iniúchadh seachtrach ar Ghrúpa na hOllscoile | **187** | 187 |
| - Iniúchadh seachtrach ar chistí Pinsean | **7** | 7 |
| - Cánachas agus seirbhísí rúnaíochta | **19** | 10 |
| - Seirbhísí eile | **2** | 4 |

Níl CBL ar áireamh i luach saothair na n-iniúchóirí a nochtar thuas. Tá feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí ag an Ollscoil agus cuireadh na costais ghaolmhara phárolla ar áireamh sna costais foirne don bhliain.

### 10. Ús iníoctha

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Ar iasachtaí bainc, rótharraingtí agus iasachtaí eile Atá in-aisíoctha go hiomlán nó go páirteach i níos mó ná 5 bliana | **1,626** | 2,091 |

Tá ús iníoctha ar iasachtaí a tharraingítear anuas chun cóiríocht chónaithe do mhic léinn agus cláir eile infheistíocht chaipitil a chistiú.

### 11. Cánachas

| Cuimsíonn an muirear cánach na nithe seo a leanas: | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Cáin reatha ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí** | | |
| Cáin chorparáide na hÉireann ar bhrabús fochuideachtaí don bhliain | **118** | 15 |
| **Cáin reatha iomlán** | **118** | 15 |
| **Cáin iarchurtha** | | |
| Difríochtaí uainithe a bhunsamhaltú agus a aisiompú | - | - |
| **Cáin iarchurtha iomlán** | - | - |
| Sciar de cháin an chomhfhiontair | **108** | 109 |
| **Muirear cánach reatha iomlán ar ghnáthghníomhaíochtaí** | **226** | 124 |

Tagann cáin chorparáide aníos sa bhliain reatha ar bhrabús a thuilleann roinnt fochuideachtaí de chuid na hOllscoile.

Tá an muirear cánach reatha don bhliain níos ísle ná an muirear reatha a d'eascródh as an ráta caighdeánach de cháin chorparáide na hÉireann a chur i bhfeidhm maidir leis an mbarrachas don bhliain. Mínítear na difríochtaí thíos:

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Barrachas don bhliain roimh chánachas** | **32,292** | 21,396 |
| Barrachas don bhliain roimh chánachas ag ráta caighdeánach cánach corparáide na hÉireann - 12½% | **4,037** | 2,675 |
| Tionchar na nithe seo a leanas: | | |
| - Suimeanna nach bhfuil faoi réir Cháin Chorparáide na hÉireann | **(3,919)** | (2,660) |
| **Muirear cánach reatha iomlán don bhliain** | **118** | 15 |

### 12. Barrachas don bhliain

| Tá an barrachas ar oibríochtaí leanúnacha don bhliain comhdhéanta díobh seo a leanas: | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Barrachas na hOllscoile don bhliain | **30,438** | 21,580 |
| Barrachas/(easnamh) a shaothraigh foghnóthais agus gnóthais eile | **1,628** | (308) |
| Barrachas ar oibríochtaí leanúnacha don bhliain | **32,066** | 21,272 |

## Nótaí leis na ráitis airgeadais *(ar lean)*
Don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017

### 13. Sócmhainní seasta inláimhsithe

| **Comhdhlúite** | Talamh & Foirgnimh | Sócmhainní atá á dtógáil | Mion-oibreacha | Trealamh ríomhaire | Trealamh | Daingneáin & Feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas** | | | | | | | |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2016 | 949,693 | 6,795 | 5,680 | 16,788 | 164,162 | 2,173 | 1,145,291 |
| Breiseanna sa bhliain | 9,792 | 14,909 | - | 384 | 6,437 | 594 | 32,116 |
| Aistrithe ó shócmhainní atá á dtógáil | 4,538 | (4,538) | - | - | - | - | - |
| Diúscairtí sa bhliain | - | - | - | (5) | (1,356) | (148) | (1,509) |
| **Ag an 30 Meán Fómhair 2017** | **964,023** | **17,166** | **5,680** | **17,167** | **169,243** | **2,619** | **1,175,898** |
| **Dímheas** | | | | | | | |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2016 | 229,703 | - | 5,680 | 16,252 | 149,272 | 2,146 | 403,053 |
| Muirear don bhliain | 19,238 | - | - | 487 | 7,148 | 75 | 26,948 |
| Díchurtha ar dhiúscairtí | - | - | - | (5) | (1,345) | (137) | (1,487) |
| **Ag an 30 Meán Fómhair 2017** | **248,941** | - | **5,680** | **16,734** | **155,075** | **2,084** | **428,514** |
| **Glanluach leabhar** | | | | | | | |
| **Ag an 30 Meán Fómhair 2017** | **715,082** | **17,166** | - | **433** | **14,168** | **535** | **747,384** |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2016 | 719,990 | 6,795 | - | 536 | 14,890 | 27 | 742,238 |

Is i nóta 21 a leagtar amach sonraí faoi chistiú deontas caipitil a fuarthas i leith sócmhainní seasta inláimhsithe.

Áirítear le talamh agus foirgnimh suim €12.5 milliún (2016: €12.5 milliún) i leith talamh ruílse nach ndímheastar. Sa bhliain 2016, áiríodh leis an gcatagóir seo freisin suim €37 milliún a bhain le talamh agus foirgnimh a bhí faoi úinéireacht dhlíthiúil ag cuideachtaí airgeadais sainchuspóra/infheisteoirí príobháideacha. Ba é an tionchar tráchtála a bhí ag na hidirbhearta a bhain leis na foirgnimh sin a dhíol agus a athcheannach ar deireadh ná gur ag an Ollscoil a bhí gach tairbhe shuntasach agus gach riosca suntasach a bhain leis an talamh agus na foirgnimh sin. Fuair an Ollscoil úinéireacht dhlíthiúil ar na foirgnimh sin sa bhliain 2017. Tá tuilleadh sonraí faoi na socruithe sin ar fáil thíos.

## Nótaí leis na ráitis airgeadais *(ar lean)*
Don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017

**13. Sócmhainní seasta inláimhsithe – i leith na bliana roimh**

| **Comhdhlúite** | Talamh & Foirgnimh | Sócmhainní atá á dtógáil | Mion-oibreacha | Trealamh ríomhaire | Trealamh | Daingneáin & Feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas** | | | | | | | |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2015 | 918,252 | 15,079 | 5,680 | 16,192 | 158,461 | 1,384 | 1,115,048 |
| Breiseanna sa bhliain | 3,425 | 19,732 | - | 629 | 6,317 | 789 | 30,892 |
| Aistrithe ó shócmhainní atá á dtógáil | 28,016 | (28,016) | - | - | - | - | - |
| Diúscairtí sa bhliain | - | - | - | (33) | (616) | - | (649) |
| **Ag an 30 Meán Fómhair 2016** | **949,693** | **6,795** | **5,680** | **16,788** | **164,162** | **2,173** | **1,145,291** |
| **Dímheas** | | | | | | | |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2015 | 210,789 | - | 5,680 | 15,638 | 142,112 | 1,256 | 375,475 |
| Muirear don bhliain | 18,914 | - | - | 647 | 7,776 | 890 | 28,227 |
| Díchurtha ar dhiúscairtí | - | - | - | (33) | (616) | - | (649) |
| **Ag an 30 Meán Fómhair 2016** | **229,703** | **-** | **5,680** | **16,252** | **149,272** | **2,146** | **403,053** |
| **Glanluach leabhar** | | | | | | | |
| **Ag an 30 Meán Fómhair 2016** | **719,990** | **6,795** | **-** | **536** | **14,890** | **27** | **742,238** |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2015 | 707,463 | 15,079 | - | 554 | 16,349 | 128 | 739,573 |

Is i nóta 21 a leagtar amach sonraí faoi chistiú deontas caipitil a fuarthas i leith sócmhainní seasta inláimhsithe.

### 13. Sócmhainní seasta inláimhsithe

| Ollscoil | Talamh & Foirgnimh €'000 | Sócmhainní atá á dtógáil €'000 | Mion-oibreacha €'000 | Trealamh ríomhaire €'000 | Trealamh €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2016 | 946,253 | 4,123 | 5,680 | 16,794 | 163,651 | 1,136,501 |
| Breiseanna sa bhliain | 9,792 | 17,593 | - | 384 | 6,763 | 34,532 |
| Aistrithe ó shócmhainní atá á dtógáil | 4,538 | (4,538) | - | - | - | - |
| Diúscairtí sa bhliain | - | - | - | (5) | (1,356) | (1,361) |
| **Ag an 30 Meán Fómhair 2017** | **960,583** | **17,178** | **5,680** | **17,173** | **169,058** | **1,169,672** |
| **Dímheas** | | | | | | |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2016 | 227,921 | - | 5,680 | 16,225 | 149,307 | 399,133 |
| Muirear don bhliain | 19,091 | - | - | 487 | 6,800 | 26,378 |
| Díchurtha ar dhiúscairtí | - | - | - | (5) | (1,346) | (1,351) |
| **Ag an 30 Meán Fómhair 2017** | **247,012** | **-** | **5,680** | **16,707** | **154,761** | **424,160** |
| **Glanluach leabhar** | | | | | | |
| **Ag an 30 Meán Fómhair 2017** | **713,571** | **17,178** | **-** | **466** | **14,297** | **745,512** |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2016 | 718,332 | 4,123 | - | 569 | 14,344 | 737,368 |

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## Nótaí leis na ráitis airgeadais *(ar lean)*
Don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017

### 13. Sócmhainní seasta inláimhsithe – i leith na bliana roimhe

| Ollscoil | Talamh & Foirgnimh €'000 | Sócmhainní atá á dtógáil €'000 | Mion-oibreacha €'000 | Trealamh ríomhaire €'000 | Trealamh €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2015 | 914,812 | 12,300 | 5,680 | 16,198 | 157,314 | 1,106,304 |
| Breiseanna sa bhliain | 3,425 | 19,839 | - | 629 | 6,953 | 30,846 |
| Aistrithe ó shócmhainní atá á dtógáil | 28,016 | (28,016) | - | - | - | - |
| Diúscairtí sa bhliain | - | - | - | (33) | (616) | (649) |
| **Ag an 30 Meán Fómhair 2016** | **946,253** | **4,123** | **5,680** | **16,794** | **163,651** | **1,136,501** |
| **Dímheas** | | | | | | |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2015 | 209,155 | - | 5,680 | 15,611 | 141,710 | 372,156 |
| Muirear don bhliain | 18,766 | - | - | 647 | 8,213 | 27,626 |
| Díchurtha ar dhiúscairtí | - | - | - | (33) | (616) | (649) |
| **Ag an 30 Meán Fómhair 2016** | **227,921** | **-** | **5,680** | **16,225** | **149,307** | **399,133** |
| **Glanluach leabhar** | | | | | | |
| **Ag an 30 Meán Fómhair 2016** | **718,332** | **4,123** | **-** | **569** | **14,344** | **737,368** |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2015 | 705,657 | 12,300 | - | 587 | 15,604 | 734,148 |

### 13. Sócmhainní seasta inláimhsithe *(ar lean)*

**Scéimeanna réadmhaoine cáinbhunaithe**

Chuaigh an Ollscoil isteach i socruithe le hinfheisteoirí éagsúla trína bhfuair na hinfheisteoirí faoiseamh cánach a eascraíonn as costais cháilitheacha tógála na bhfoirgneamh agus trínar roinn siad tairbhe an fhaoisimh sin leis an Ollscoil.

Cuirtear idirbhearta a bhaineann leis na scéimeanna réadmhaoine cáinbhunaithe uile lena mbaineann ar áireamh sna ráitis airgeadais de réir costas stairiúil, fad nach raibh teideal dlíthiúil na réadmhaoine ábhartha tugtha don Ollscoil go fóill. Ag an 1 Deireadh Fómhair 2016, b'ionann agus €37 milliún an costas a bhain le scéimeanna réadmhaoine cáinbhunaithe den chineál sin.

B'ionann agus €21.965 milliún an dliteanas ábhartha sna ráitis airgeadais i dtaca leis na hoibleagáidí a bhí bainteach leis na hárais chónaithe sin ag an 1 Deireadh Fómhair 2016. Ba é an difríocht ón gcostas ná an sochar iarchurtha a aithníodh thar dheich mbliana na gcomhaontuithe, bunaithe ar an sreabhadh airgid lascainithe ionchais ó na haonaid chónaithe.

I mí an Mhárta 2017, fuair an Ollscoil lánúinéireacht dhlíthiúil ar árais chónaithe Halla an Ruabhoic trí dhíchornadh struchtúr faoisimh "Alt 50" tar éis comaoin €14.524 milliún a íoc. I mí an Mheithimh 2017, fuarthas Glenomena 3 mar éadáil ar an mbealach céanna tar éis comaoin €5.067 milliún a íoc, rud a d'fhág gurbh ionann an t-iomlán comhcheangailte agus €19.6 milliún don bhliain. Bhí na praghsanna aischeannach stoic deiridh níos ísle ná a bhíothas ag súil leis. Tháinig sé sin as an bhfeidhmíocht láidir sna haonaid chónaithe ábhartha, áit ar aithníodh sochar breise €2.4 milliún in ioncam sa bhliain airgeadais 2017.

### 14. Sócmhainní airgeadais agus oidhreachta

| | **Comhdhlúite** | | **Ollscoil** | |
|---|---|---|---|---|
| | **2017** | 2016 | **2017** | 2016 |
| | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 |
| *Is iad seo a leanas na hinfheistíochtaí atá á sealbhú:* | | | | |
| Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí | **-** | - | **7,000** | 7,000 |
| Infheistíochtaí eile | **53** | 53 | **53** | 53 |
| | **53** | 53 | **7,053** | 7,053 |
| Sócmhainní oidhreachta (a) | **13,293** | 13,224 | **13,293** | 13,224 |
| Infheistíocht i gcomhfhiontair (b) | **2,598**** | 2,432 | **2,608*** | 2,608 |
| | **15,944** | 15,709 | **22,954** | 22,885 |

*Thug an Ollscoil cuntas ar a hinfheistíocht i gcomhfhiontair de réir costais lúide bearnú i gcomhréir le FRS 102.

**Tugadh cuntas ar an gcomhfhiontar de réir costais i gcomhréir le FRS 102, agus é coigeartaithe i leith sciar an ghrúpa den bhrabús nó de na caillteanais, i leith ioncam cuimsitheach eile agus i leith amúchadh cáilmheasa.

**14. Sócmhainní airgeadais agus oidhreachta** – *(ar lean)*

Tá leas ag an Ollscoil sna foghnóthais, sna gnóthais chomhlacha agus sna comhfhiontair seo a leanas:

| Foghnóthais | Príomhghníomhaíocht | Leas | Barrachas coinnithe ag an 30 Meán Fómhair 2017 |
|---|---|---|---|
| UCD Property Development Company Limited | Forbairt réadmhaoine | 100% | €81,774 |
| UCD Nova Limited | Forbairt Fhoirgneamh Nova | 100% | €351,226 |
| Foster Residences Limited | Cíos cóiríochta | 100% | €150 |
| UCD Global Limited | Oideachas | 100% | €66,580 |
| UCD Campus Sport and Leisure Limited | Saoráidí Fóillíochta agus Oideachais | 100% | €921,302 |

Is i Belfield, Baile Átha Cliath 4, atá oifig agus áit ghnó gach ceann de na foghnóthais atá liostaithe thuas.

| Foghnóthais | Príomhghníomhaíocht | Leas | Barrachas/(easnamh) coinnithe ag an 30 Meán Fómhair 2017 |
|---|---|---|---|
| NUI Dublin PTE Limited | Oideachas | 100% | €77,020 |
| IGU North America Limited | Oideachas | 100% | €50,082 |
| Newman House Literary Centre Company | Oideachas agus turasóireacht | 100% | €(24,198) |

Is i Singeapór atá oifig chláraithe agus áit ghnó NUI Dublin PTE Limited agus is i Nua-Eabhrac atá oifig chláraithe agus áit ghnó IGU North America Limited. Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é Newman House Literary Centre Company. Is i dTeach Newman, Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2, atá a oifig chláraithe agus a áit ghnó.

| Comhfhiontair | Príomhghníomhaíocht | Leas | Áit ghnó |
|---|---|---|---|
| Penang Medical College | Oideachas | 50% | Penang, an Mhalaeisia |

| Gnóthais chomhlacha | Príomhghníomhaíocht | Leas | Áit ghnó |
|---|---|---|---|
| Míochaine Mhóilíneach Éireann | Taighde | 20% | Belfield, Baile Átha Cliath 4 |
| An Institiúid Náisiúnta um Thaighde Agus Oiliúint Bithphróiseála Teo. | Taighde agus oiliúint | 25% | Belfield, Baile Átha Cliath 4 |
| An tIonad Náisiúnta Taighde Dhigitigh | Ionad Taighde | 20% | Sráid na Craenach, Baile Átha Cliath 8 |
| Belfield Emergency Veterinary Hospital Limited | Seirbhísí Tréidliachta | 49% | Belfield, Baile Átha Cliath 4 |

Tá scairsheilbh mhionlaigh ag an Ollscoil i roinnt cuideachtaí campais. Is ionann luach seilbhe na n-infheistíochtaí sin i ráitis airgeadais na hOllscoile agus €Nialas.

**14. Sócmhainní airgeadais agus oidhreachta** – *(ar lean)*

**(a) Sócmhainní oidhreachta**
Ós rud é go bhfuil sé ina institiúid oideachais ón mbliain 1854 i leith, tá an-chuid sócmhainní lena mbaineann mórthábhacht stairiúil agus chultúrtha don Stát gnóthaithe ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Áirítear le bailiúcháin UCD tithe Seoirseacha ina bhfuil plástráil ealaíonta stucó den chéad scoth; ábhar clóite ó na 1830í atá á stóráil faoi choinníollacha sonracha leabharlainne; agus roinnt samplaí de shaothair ealaíne stairiúla agus chomhaimseartha. Tá dualgas soiléir ar UCD cúram a dhéanamh de na sócmhainní sin agus tá sé mar aidhm aige freisin iad a chur ar fáil mar áiseanna taitneamhachta agus oideachais don phobal a mhéid is féidir, de réir a gcúraim agus a gcaomhnaithe fhadtéarmaigh. Cuirtear na caighdeáin is airde is féidir ó thaobh bainistíocht bailiúchán de i bhfeidhm agus cuirtear na sócmhainní ar fáil a leithne is féidir chun gach ceist agus iarraidh ar fhaisnéis a éascú, faoi réir treoirlínte cuí slándála agus cosanta sonraí. Mar shampla, is féidir coinní a dhéanamh chun amharc ar ábhair chlóite agus chartlainne sna leabharlanna atá á gcoimeád faoi shainchoinníollacha agus tá turais threoraithe ar fhoirgnimh oidhreachta amhail Teach Newman ar fáil i gcúinsí teoranta.

**Tithe Seanré**
Is éard atá sa ghné is suntasaí de na sócmhainní sin ná tithe seanré na hOllscoile a tógadh sna blianta ó na 1730í ar aghaidh. Fuair UCD na tithe sin thar thréimhse shuntasach ama agus le linn chéimeanna éagsúla fhorbairt na hOllscoile í féin. Is é beartas UCD caipitliú a dhéanamh ar na sócmhainní oidhreachta sin ar sócmhainní caipitil iad agus atá ina gcuid de bhonneagar oibre champas na hOllscoile. Dá bhrí sin, cuirtear na tithe seanré agus athchóirithe ina dhiaidh sin ar áireamh sa ráiteas ar staid airgeadais. Luaitear foirgnimh na hOllscoile de réir costais lúide dímheas carntha. Dímheastar foirgnimh ruílse thar a saolré eacnamaíoch fhónta ionchasach don Ollscoil, is é sin, 50 bliain.

Cé go gcuirtear costais mhionsonraithe athchóirithe a bhaineann le cuid mhór de na foirgnimh oidhreachta ar áireamh i ráiteas UCD ar staid airgeadais, níltear in ann na costais cheannaigh bhunaidh a shainaithint mar gheall ar an tréimhse ama atá dulta thart óna gceannach.

Ag an 30 Meán Fómhair 2017, b'ionann agus €11.5 milliún (2016: €11.5 milliún) na costais a bhí bainteach le foirgnimh oidhreachta a gabhadh agus a caipitlíodh ar an ráiteas ar staid airgeadais ón mbliain 1997 i leith.

**Saothair ealaíne**
Ón mbliain 2006 i leith, tá sé mar bheartas ag UCD an saothar ealaíne ar fad a ceannaíodh chun tairbhe don Ollscoil a chaipitliú. Códaítear sonraisc chuig cuntas sonrach amháin, rud a thuairiscítear ansin faoi shócmhainní airgeadais sa ráiteas ar staid airgeadais. Ag an 30 Meán Fómhair 2017, b'ionann agus €1.8 milliún (2016: €1.7 milliún) costais stairiúla na saothar ealaíne.

**Pictiúir agus déantáin eile**
Níor caipitlíodh sócmhainní breise agus bailiúcháin bhreise ar leis an Ollscoil iad mar go bhfuil siad doshannta agus á gcoimeád go buan go bunúsach agus mar nach féidir a gcomhshamhail a sholáthar i bhformhór na gcásanna. Ní dhéantar iad a dhiúscairt le haghaidh gnóthachan airgeadais agus ní chuirtear bac orthu ar bhealach ar bith. Bunaithe ar luacháil a rinne Adam's Auctioneers & Valuers sa bhliain 2013, is fiú €5.3 milliún na saothair ealaíne, a luaitear thuas, a ceannaíodh ón mbliain 2006 i leith.

| | Foirgnimh €'000 | Pictiúir eile €'000 | Saothair ealaíne €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| **Ag an 1 Deireadh Fómhair 2016** | 11,523 | - | 1,701 | 13,224 |
| Breiseanna | - | - | 69 | 69 |
| **Ag an 30 Meán Fómhair 2017** | **11,523** | **- *** | **1,770*** | **13,293** |

**Is ionann luach na bpictiúr agus na saothar ealaíne eile agus €5.324 milliún de réir na luachála a chuir Adam's Auctioneers & Valuers ar fáil sa bhliain 2013. Mar a luadh cheana, ní chaipitlítear €3.984 milliún den luacháil sin ar an ráiteas ar staid airgeadais.*

**14. Sócmhainní airgeadais agus oidhreachta** – *(ar lean)*

**Achoimre cúig bliana ar shócmhainní oidhreachta**

| | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | **2017** |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | **€'000** |
| **Costas** | | | | | |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair | 12,721 | 12,863 | 13,054 | 13,135 | **13,224** |
| Breiseanna | | | | | |
| -Ceannacháin | 142 | 191 | 81 | 89 | **69** |
| -Athchóiriú | - | - | - | - | - |
| **Costas ag an 30 Meán Fómhair** | 12,863 | 13,054 | 13,135 | 13,224 | **13,293** |
| Luacháil pictiúr agus déantán eile | 2,724 | 3,984 | 3,984 | 3,984 | **3,984** |
| **Iomlán ag an 30 Meán Fómhair** | 15,587 | 17,038 | 17,119 | 17,208 | **17,277** |

**(b) Gnóthais chomhfhiontair**

Tá UCD i seilbh leas 50% in Penang Medical College agus tá Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn i seilbh an leasa 50% atá fágtha. Cuirtear luach seilbhe an chomhfhiontair sin, ar fiú €2.6 milliún é, ar áireamh i gclár comhardaithe comhdhlúite UCD agus cuimsíonn sé an costas ceannaigh a tabhaíodh, sciar UCD de bhrabús agus caillteanais an eintitis agus muirear amúchadh cáilmheasa do na tréimhsí ábhartha.

| **Ainm** | **Tír an Chorpraithe** | **Sonraí faoi infheistíochtaí** | **An céatadán atá i seilbh** | **Príomh-ghníomhaíocht** |
|---|---|---|---|---|
| Penang Medical College | An Mhalaeisia | 1,700,000 Gnáthscair | 50% | Oideachas |

| | **2017** | 2016 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Sciar de ghlansócmhainní de réir luach cóir: | | |
| I dtús na bliana | **2,432** | 1,821 |
| Sciar den bhrabús Comhfhiontair sa bhliain (brabús €466,000 roimh cháin (2016: €570,000)) | **358** | 461 |
| Gluaiseacht in aistriú airgeadra | **(192)** | 150 |
| | **2,598** | 2,432 |

### 14. Sócmhainní airgeadais agus oidhreachta – *(ar lean)*

Tá na nithe seo i gceist i sciar an ghrúpa den infheistíocht i nglansócmhainní an chomhfhiontair se‹

| | **2017** | 2016 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Sciar de shócmhainní seasta | **1,882** | 2,035 |
| Sciar de shócmhainní reatha | **2,280** | 2,043 |
| Sciar de dhliteanais reatha | **(914)** | (966) |
| Sciar de dhliteanais neamhreatha | **(650)** | (680) |
| **Sciar de ghlansócmhainní ag deireadh na bl** | **2,598** | 2,432 |
| **Cáilmheas** | | |
| I dtús na bliana | - | 166 |
| Amúchadh sa bhliain | - | (166) |
| **Ag deireadh na bliana** | - | - |
| **Infheistíocht iomlán i gcomhfhiontar** | **2,598** | 2,432 |

### 15. Stoic

| | **Comhdhlúite** | | **Ollscoil** | |
|---|---|---|---|---|
| | **2017** | 2016 | **2017** | 2016 |
| | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 |
| Amhábhair agus tomhaltáin | **1,448** | 1,460 | **1,448** | 1,460 |
| Earraí críochnaithe lena n-athdhíol | **1,554** | 1,699 | **1,554** | 1,699 |
| | **3,002** | 3,159 | **3,002** | 3,159 |

Níl aon difríocht ábhartha idir luach seilbhe an stoic sa chlár comhardaithe agus a chostas athsholáthair.

### 16. Féichiúnaithe

| | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|
| | **2017** | 2016 | **2017** | 2016 |
| | **€'000** | €'000 (mar atá athluaite) | **€'000** | €'000 (mar atá athluaite) |
| Féichiúnaithe trádála | **13,659** | 11,456 | **11,397** | 9,594 |
| Deontais agus conarthaí taighde atá infhaighte | **13,501** | 14,028* | **13,501** | 14,028* |
| Deontas Stáit atá infhaighte | **8,712** | 14,113 | **8,712** | 14,113 |
| Cistiú caipitil eile atá infhaighte | **2,705** | 3,307 | **2,705** | 3,307 |
| Táillí acadúla atá infhaighte | **10,214** | 9,326 | **10,214** | 9,326 |
| Réamhíocaíochtaí | **330** | 212 | **219** | 138 |
| Suimeanna atá dlite ó fhoghnóthais | **-** | - | **3,091** | 3,752 |
| Féichiúnaithe eile | **20,297** | 23,152 | **20,250** | 22,889 |
| | **69,418** | 75,594 | **70,089** | 77,147 |

* Mar atá leagtha amach i nóta 29, rinneadh Deontais agus conarthaí taighde atá infhaighte a athlua tríd an iarmhéid a laghdú faoi €1 mhilliún.

### 17. Airgead sa bhanc agus ar láimh

| | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|
| | **2017** | 2016 | **2017** | 2016 |
| | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 |
| Airgead sa bhanc, lena n-áirítear iarmhéideanna atá á gcoimeád ar thaisce ghearrthéarmach | **133,821** | 137,970 | **129,201** | 135,304 |
| | **133,821** | 137,970 | **129,201** | 135,304 |

Chuir an Ollscoil litir chreidmheasa theannta neamh-inchúlghairthe i bhfabhar Roinn Oideachais na Stát Aontaithe chun rialacha agus rialacháin an chláir um Chabhair Fheidearálach do Mhic Léinn a chomhlíonadh. Fuair an Ollscoil saoráid na litreach creidmheasa lena ngabhann an chéad mhuirear dlíthiúil ar thaiscí i suim is fiú $1,038,881 atá á coimeád in ainm na hOllscoile le Banc na hÉireann.

### 18. Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin

| | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|
| | **2017** | 2016 | **2017** | 2016 |
| | **€'000** | €'000 (mar atá athluaite) | **€'000** | €'000 (mar atá athluaite) |
| Creidiúnaithe trádála | **639** | 846 | **614** | 794 |
| Deontais agus conarthaí taighde a fuarthas roimh ré | **37,020** | 37,036* | **37,020** | 37,036* |
| Táillí acadúla a fuarthas roimh ré | **57,402** | 55,428 | **57,402** | 55,428 |
| Deontas Stáit a fuarthas roimh ré | **3,636** | 4,156 | **3,636** | 4,156 |
| Cistiú caipitil eile a fuarthas roimh ré | **21,267** | 13,240 | **21,267** | 13,240 |
| Fabhruithe | **19,152** | 17,156 | **17,251** | 16,979 |
| Rótharraingtí bainc (nóta 20) | **589** | 536 | **589** | 536 |
| Iasachtaí bainc (nóta 20) | **4,686** | 6,331 | **4,686** | 6,331 |
| Suimeanna atá dlite d'fhoghnóthais | **-** | - | **2,463** | 4,161 |
| Cánachas eile agus slándáil shóisialach | **8,644** | 7,802 | **8,492** | 7,756 |
| Creidiúnaithe eile | **17,662** | 26,896 | **17,527** | 26,896 |
| Oibleagáidí léasa eile | **-** | 21,965 | **-** | 21,965 |
| Suimeanna eile a fuarthas roimh ré | **25,150** | 27,185 | **22,358** | 19,141 |
| Ioncam iarchurtha ó Chistí Iontaobhais | **11,302** | 11,827 | **11,302** | 11,827 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Deontais chaipitil iarchurtha (nóta 21) | **10,019** | 10,287 | **10,011** | 10,279 |
| | **217,168** | 240,691 | **214,618** | 236,525 |

* Mar atá leagtha amach i nóta 29, rinneadh Deontais agus conarthaí taighde a fuarthas roimh ré a athlua tríd an iarmhéid a laghdú faoi €9.6 milliún.

**19. Creidiúnaithe:** suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin

| | **Comhdhlúite** | | **Ollscoil** | |
|---|---|---|---|---|
| | **2017** | 2016 | **2017** | 2016 |
| | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 |
| Iasachtaí bainc (nóta 20) | **61,874** | 67,069 | **61,874** | 67,069 |
| Deontais chaipitil iarchurtha (nóta 21) | **248,942** | 257,391 | **248,926** | 257,367 |
| | **310,816** | 324,460 | **310,800** | 324,436 |

**20. Iasachtaí**

| | **Comhdhlúite** | | **Ollscoil** | |
|---|---|---|---|---|
| | **2017** | 2016 | **2017** | 2016 |
| | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 |
| **Iasachtaí agus rótharraingtí bainc** | | | | |
| Tá iasachtaí bainc agus rótharraingtí inaisíoctha mar seo a leanas: | | | | |
| Laistigh de bhliain amháin nó níos lú | | | | |
| - Rótharraingt bhainc | **589** | 536 | **589** | 536 |
| - Iasachtaí bainc | **4,686** | 6,331 | **4,686** | 6,331 |
| | **5,275** | 6,867 | **5,275** | 6,867 |
| Suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin: | | | | |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain - iasachtaí bainc | **4,500** | 5,018 | **4,500** | 5,018 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana - iasachtaí bainc | **13,500** | 13,676 | **13,500** | 13,676 |
| Tar éis cúig bliana nó níos mó - iasachtaí bainc | **43,874** | 48,375 | **43,874** | 48,375 |
| | **61,874** | 67,069 | **61,874** | 67,069 |
| Iomlán | **67,149** | 73,936 | **67,149** | 73,936 |

Sholáthair an Banc Eorpach Infheistíochta (EIB) cuid den chistiú atá ag teastáil le haghaidh chlár caiteachais chaipitil na hOllscoile. Tá an cistiú sin urraithe in aghaidh dhá cheann de na hárais chónaithe mhac léinn de chuid UCD, is iad sin, Árais Chónaithe Mhac Léinn Merville agus Árais Chónaithe Mhac Léinn Belgrove, i dteannta fhoirgnimh Spóirt agus Fóillíochta UCD. Ba i bhfabhar an bhainc freisin a deonaíodh urrús ar chuntais áirithe bhainc atá ceangailte leis na réadmhaoine sin. Tá an tsaoráid sin in-aisíoctha thar 20 bliain ar a mhéad (2032) agus tabhaíonn sí ús de réir Euribor móide corrlach faoi láthair.

| **21. Deontais chaipitil iarchurtha** | **Comhdhlúite €'000** | **Ollscoil €'000** |
|---|---|---|
| **Ag an 1 Deireadh Fómhair 2016** | | |
| Foirgnimh | 254,016 | 254,016 |
| Trealamh | 13,662 | 13,630 |
| **Iomlán** | **267,678** | **267,646** |
| **Airgead atá infhaighte sa bhliain** | | |
| Foirgnimh | 187 | 187 |
| Trealamh | 1,115 | 1,115 |
| **Iomlán** | **1,302** | **1,302** |
| **Suim a amúchadh chuig ioncam agus caiteachas sa bhliain** | | |
| Foirgnimh | 6,214 | 6,214 |
| Trealamh | 3,805 | 3,797 |
| **Iomlán** | **10,019** | **10,011** |
| **Ag an 30 Meán Fómhair 2017** | | |
| Foirgnimh | 247,989 | 247,989 |
| Trealamh | 10,972 | 10,948 |
| **Iomlán** | **258,961** | **258,937** |

**21. Deontais chaipitil iarchurtha** *(ar lean)*
**I leith na bliana roimhe**

| | Comhdhlúite €'000 | Ollscoil €'000 |
|---|---|---|
| **Ag an 1 Deireadh Fómhair 2015** | | |
| Foirgnimh | 255,686 | 255,686 |
| Trealamh | 12,818 | 12,818 |
| **Iomlán** | **268,504** | **268,504** |
| **Airgead atá infhaighte sa bhliain** | | |
| Foirgnimh | 4,541 | 4,541 |
| Trealamh | 4,920 | 4,880 |
| **Iomlán** | **9,461** | **9,421** |
| **Suim a amúchadh chuig ioncam agus caiteachas sa bhliain** | | |
| Foirgnimh | 6,211 | 6,211 |
| Trealamh | 4,076 | 4,068 |
| **Iomlán** | **10,287** | **10,279** |
| **Ag an 30 Meán Fómhair 2016** | | |
| Foirgnimh | 254,016 | 254,016 |
| Trealamh | 13,662 | 13,630 |
| **Iomlán** | **267,678** | **267,646** |

Is féidir na deontais chaipitil iarchurtha a anailísiú mar seo a leanas:

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Comhdhlúite** | | |
| Creidiúnaithe a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | **10,019** | 10,287 |
| Creidiúnaithe a bheidh dlite tar éis bliain amháin | **248,942** | 257,391 |
| **Ag an 30 Meán Fómhair** | **258,961** | 267,678 |

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Ollscoil** | | |
| Creidiúnaithe a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | **10,011** | 10,279 |
| Creidiúnaithe a bheidh dlite tar éis bliain amháin | **248,926** | 257,367 |
| **Ag an 30 Meán Fómhair** | **258,937** | 267,646 |

### 21. Deontais chaipitil iarchurtha *(ar lean)*

Anuas air sin, cuirtear ar áireamh faoin teideal 'creidiúnaithe' (nóta 18) suimeanna a fuarthas roimh ré agus nár caitheadh go fóill. Is éard atá sna hiarmhéideanna sin airgead a fuarthas sular tosaíodh oibreacha tógála agus ní dhearnadh iad a amúchadh. Is mar seo a leanas atá suimeanna a fuarthas roimh ré agus nach raibh amúchta ag an 30 Meán Fómhair 2017:

| | **Stát** | **Deontais agus Bronntóirí eile** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Foirgnimh | 714 | 21,267 | 21,981 |

| **22. Ceangaltais chaipitil** | **Comhdhlúite** | | **Ollscoil** | |
|---|---|---|---|---|
| | **2017** | 2016 | **2017** | 2016 |
| | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 |
| Nithe ar conraíodh dóibh agus nár cuireadh ar fáil | **8,316** | 22,731 | **8,316** | 22,753 |
| Nithe a údaraíodh agus nár conraíodh dóibh | **33,335** | 33,033 | **33,335** | 33,011 |
| | **41,651** | 55,764 | **41,651** | 55,764 |

**23. Ionstraimí airgeadais**

Déantar achoimre sa chatagóir thíos ar luach seilbhe shócmhainní agus dhliteanais airgeadais an Ghrúpa agus na hOllscoile:

| | **Comhdhlúite** | | **Ollscoil** | |
|---|---|---|---|---|
| | **2017** | 2016 | **2017** | 2016 |
| | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 |
| | | (mar atá athluaite) | | (mar atá athluaite) |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | | |
| *A thomhaistear de réir luach cóir trí bhrabús agus caillteanas* | | | | |
| - Infheistíochtaí in ionstraimí cothromais liostaithe | - | - | - | - |
| *A thomhaistear de réir costas amúchta* | | | | |
| - Féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile | **69,418** | 75,594* | **66,998** | 73,395* |
| - Suimeanna atá dlite ó fhoghnóthais | - | - | **3,091** | 3,752 |
| *Ionstraimí cothromais a thomhaistear de réir costais lúide bearnú* | | | | |
| - Infheistíochtaí neamhliostaithe i sócmhainní reatha | **2,651** | 2,485 | **2,661** | 2,661 |
| **Dliteanais airgeadais** | | | | |
| *A thomhaistear de réir costas amúchta* | | | | |
| Iasachtaí atá iníoctha | **66,560** | 73,400 | **66,560** | 73,400 |
| Oibleagáidí faoi léasanna airgeadais | - | 21,965 | - | 21,965 |
| *A thomhaistear de réir suim neamhlascainithe atá iníoctha* | | | | |
| Rótharraingt bhainc | **589** | 536 | **589** | 536 |
| Creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile | **208,157** | 208,120 ** | **203,144** | 199,793** |
| Suimeanna atá dlite d'fhochuideachtaí | - | - | **2,463** | 4,161 |

* Mar atá leagtha amach i nóta 29 agus mar atá nochta i nóta 16, athluadh Deontais agus conarthaí taighde atá infhaighte, rud a laghdaigh Féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile faoi €1 mhilliún.

** Mar atá leagtha amach i nóta 29 agus mar atá nochta i nóta 18, athluadh Deontais agus conarthaí taighde a fuarthas roimh ré, rud a laghdaigh Creidiúnaithe tráchtála agus creidiúnaithe eile faoi €9.6 milliún.

Déantar achoimre thíos ar ioncam, caiteachas, gnóthachain agus caillteanais an Ghrúpa i ndáil le hionstraimí airgeadais:

| | **2017** | 2016 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| *Ioncam úis agus caiteachas úis* | | |
| Ioncam úis iomlán do shócmhainní airgeadais a thomhaistear de réir costas amúchta | - | 24 |
| Caiteachas úis iomlán do dhliteanais airgeadais a thomhaistear de réir costas amúchta | **1,626** | 2,091 |

**24. Anailís ar athruithe i nglanchistí**

| | Ag an 1 Deireadh Fómhair 2016 €'000 | Sreabhadh airgid €'000 | Ag an 30 Meán Fómhair 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| Airgead sa bhanc | 137,970 | (4,149) | **133,821** |
| Rótharraingtí bainc | (536) | (53) | **(589)** |
| | 137,434 | (4,202) | **133,232** |
| Fiachas bainc a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | (6,331) | 1,645 | **(4,686)** |
| Fiachas bainc a bheidh dlite tar éis bliain amháin | (67,069) | 5,195 | **(61,874)** |
| Dliteanais léasa a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | (21,965) | 21,965 | - |
| **Glanchistí** | 42,069 | 24,603 | **66,672** |

**25. Páirtithe gaolmhara**

Ba ar chomhdhlúthú a cealaíodh idirbhearta le fochuideachtaí na hOllscoile agus, dá bharr sin, ní dhéantar aon nochtadh ar na hidirbhearta sin anseo.

Shainaithin UCD na páirtithe atá leagtha amach thíos mar pháirtithe gaolmhara faoin sainmhíniú a thugtar in alt 33 de FRS 102, de bhua go bhfuil fostaithe UCD ina n-ionadaithe ar bhoird cheannais na n-eintiteas sin.

Meastar na heintitis seo a leanas a bheith ina bpáirtithe gaolmhara:

**Míochaine Mhóilíneach Éireann (MMI) (DMMC roimhe sin)**
Ní raibh aon idirbhearta páirtí ghaolmhair ann idir an Ollscoil agus MMI le linn na bliana. Ag an 30 Meán Fómhair 2017, ní raibh aon suimeanna dlite don Ollscoil ó MMI agus ní raibh aon suimeanna (2016: €90,000) dlite do MMI ón Ollscoil.

**Belfield Emergency Veterinary Hospital Ltd (BEVH)**
Rinne an Ollscoil díolacháin arbh fhiú suim iomlán €26,668 iad le Belfield Emergency Veterinary Hosptial Ltd (BEVH) le linn na tréimhse. Ag an 30 Meán Fómhair 2017, bhí €16,982 (2016: € nialas) dlite don Ollscoil ó BEVH.

**An Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bithphróiseála (NIBRT)**
Rinne an Ollscoil díolacháin arbh fhiú suim €487 (2016: €962) iad le NIBRT le linn na tréimhse. Ag an 30 Meán Fómhair 2017, bhí €325 (2016: €460) dlite don Ollscoil ó NIBRT.

**An tIonad Náisiúnta Taighde Dhigitigh (NDRC)**
Ní raibh aon idirbhearta páirtí ghaolmhair ann idir an Ollscoil agus NDRC le linn na bliana. Ag an 30 Meán Fómhair 2017, ní raibh aon suimeanna (2016: €5,111) dlite do NDRC ón Ollscoil.

**26. Dliteanais theagmhasacha**

Tá baint ag an Ollscoil le roinnt caingne dlí a thagann aníos sa ghnáthchúrsa gnó. Níltear ag súil go n-eascróidh aon drochthionchar ábhartha ar staid airgeadais na hOllscoile as réiteach deiridh na gcaingne sin.

**27. Sochair scoir**

*Cúlra*

Feidhmíonn an Ollscoil dhá scéim pinsean sochair shainithe, is iad sin, Scéim Pinsean 2010 (Dúnta) an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, ar a dtugtaí Scéim Pinsean Ranníocach 1995 UCD roimhe sin, agus Scéim Pinsean Eiseamláireach UCD (Feabhra 2005), ar scéim íoc-mar-a-théitear í. Tá an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair i bhfeidhm freisin agus baineann sí le fostaithe sa tseirbhís phoiblí a thosaigh an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin (féach thíos le haghaidh tuilleadh faisnéise).

Scéim pinsean shainithe a riaradh ar leithligh ba ea scéim 1995 na hOllscoile. Bunaíodh í faoi Reacht XCVI agus leasaíodh í le Reacht 4. Riaradh í mar Scéim Cheadaithe Dhíolmhaithe i dtéarmaí Chaibidil II de Chuid I den Acht Airgeadais, 1972.

Sa bhliain 2009, tháinig deireadh le plé a bhí ar siúl thar roinnt blianta idir earnáil na nOllscoileanna, an tÚdarás um Ard-Oideachas agus an Rialtas maidir le leasú buan fadtéarmach a dhéanamh ar shocruithe pinsin san earnáil. Tugadh athruithe suntasacha reachtacha isteach i bhfoirm an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009. Tháinig an tAcht i bhfeidhm an 26 Meitheamh 2009 agus ní chumhdaítear leis ach Scéim Pinsean Ranníocach 1995 UCD (ní chumhdaítear leis ach oiread aon oibleagáidí eile sochair shainithe atá ar an Ollscoil). Déantar foráil dhlíthiúil leis an Acht go ndéanfaidh an Stát glandliteanas pinsin Scéim Pinsean na hOllscoile a fhrithghealladh agus bhíothas in ann sócmhainní na scéime a aistriú chuig an Stát (an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean) dá bharr. Áirítear leis freisin foráil do leanúint le sochair a íoc a bhí le híoc roimhe sin faoi Scéim Pinsean Ranníocach 1995 UCD. Tar éis Ordú um Aistriú a rith an 31 Márta 2010, ba é sin Reacht 123/2010, aistríodh sócmhainní na scéime chuig an Stát.

Cuireadh an tOrdú um Aistriú le haghaidh Scéim Pinsean Ranníocach 1995 UCD i bhfeidhm an 31 Márta 2010 agus, mar a foráladh sa reachtaíocht chumasúcháin, bhí na nithe seo amhlaidh:

- Aistríodh na sócmhainní pinsin chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean ar an dáta sin;
- Scoireadh den scéim pinsean agus tháinig Scéim Pinsean 2010 (Dúnta) an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, i bhfeidhm ina háit;
- Leanann an Ollscoil agus gach ball ar aghaidh ag déanamh ranníocaíochtaí ag an ráta céanna a dhéanadh siad roimhe sin agus déantar na ranníocaíochtaí sin le leas an Státchiste;
- Oibleagáid ar an Ollscoil go fóill i dtaca leis an scéim is ea an oibleagáid chun sochair a íoc de réir rialacha na scéime pinsean; agus
- Mura leor comhiomlán ranníocaíochtaí na mball agus an fhostóra arna n-íoc nó arna dtarraingt siar chun freastal ar na hoibleagáidí atá ar an Ollscoil na sochair sin a íoc i gcomhréir leis an scéim, slánóidh an tAire Airgeadais an t-easnamh trí íocaíochtaí a dhéanamh leis an Ollscoil ó chistí arna gcur ar fáil ag an Oireachtas chun na críche sin. Dá bhrí sin, tugann an Stát ráthaíocht d'íocaíochtaí na n-oibleagáidí pinsin i ndáil le Scéim Pinsean Ranníocach 1995 UCD agus íocfar iad ar bhonn íoc-mar-a-théitear.

De bhreis ar an méid thuas, tá an tÚdarás Ceannais den tuairim gurbh éard a bhí sa phlé idir an earnáil, an tÚdarás um Ard-Oideachas agus an Rialtas sular tugadh an reachtaíocht chumasúcháin isteach ná dearbhuithe go ráthódh an Stát na dliteanais phinsin uile de chuid na hOllscoile (na dliteanais sin a bhaineann le hiar-Scéim Pinsean Ranníocach 1995 UCD agus le socruithe eile pinsin sochair shainithe atá i bhfeidhm ag an Ollscoil) agus, dá réir sin, chuir an Ollscoil pinsean infhaighte ar áireamh sna ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017 agus do bhlianta roimhe sin. Is comhionann suim an phinsin iníoctha agus an dliteanas pinsin atá tuairiscithe.

**27. Sochair scoir** – *(ar lean)*

Cé gur le Scéim Pinsean Ranníocach 1995 UCD a bhaineann an reachtaíocht go sonrach, chuir an Roinn Airgeadais agus an tÚdarás um Ard-Oideachas in iúl don Ollscoil go bhfreastalódh an Stát ar na dliteanais phinsin uile amach anseo de chuid gach scéime sochair shainithe agus gach socraithe sochair shainithe ar bhonn íoc-mar-a-théitear do gach catagóir foirne. Dá réir sin, d'aithin an Ollscoil pinsean infhaighte dá dtagraítear thuas sa ráiteas ar staid airgeadais. Tá suim an phinsin infhaighte coibhéiseach leis an lándliteanas pinsin a bhaineann le gach ceann dá socruithe pinsin sochair shainithe do gach tréimhse tuairiscithe. Tá an Ollscoil ag leanúint lena plé leis an Roinn Airgeadais agus leis an Údarás um Ard-Oideachas i dtaca le socruithe ráthaíochta a bhaineann lena socruithe pinsin sochair shainithe a chur ar bhonn foirmiúil.

Is éard atá sna socruithe eile pinsin sochair shainithe de chuid na hOllscoile na hoibleagáidí a bhaineann le forlíonadh pinsin agus le hoibleagáidí a thagann as Scéim Pinsean Eiseamláireach UCD, ar scéim íoc-mar-a-théitear í. An dliteanas a bhaineann leis na sochair phinsin sin, agus a ríomhtar i gcomhréir le ceanglais FRS 102, measann an Ollscoil gurb ionann é agus €604 mhilliún (2016: €614 mhilliún).

Bunaíodh Scéim Pinsean Eiseamláireach UCD sa bhliain 2005 tar éis ceadú a fháil ón Roinn Airgeadais agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Cé go bhfeidhmítear an scéim faoi shraith chomhaontaithe rialacha, níor cuireadh í ar bhonn foirmiúil le reacht ná faoi théarmaí Gníomhas Iontaobhais riamh. Mar sin féin, cuireann an tÚdarás um Ard-Oideachas oibleagáid ar an Ollscoil sochair phinsin a chur ar fáil faoi rialacha na scéime do bhaill foirne nua a ceapadh ón 1 Eanáir 2005 i leith. Is socrú neamhchistithe easnaimh phinsin atá sa scéim sin. Feidhmítear í ar bhonn íoc-mar-a-théitear ó bhunchistiú na hOllscoile.

**An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair**

Tá an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair i bhfeidhm do dhaoine a thosaigh ag obair san earnáil phoiblí ón 1 Eanáir 2013 i leith. Tá an Ollscoil freagrach as ranníocaíochtaí pinsin a bhailiú, agus as na ranníocaíochtaí sin a aisíoc leis an Státchiste, thar ceann na bhfostaithe sin ar baill den scéim iad. Ní mór cuntas a thabhairt ar an scéim seo mar scéim sochair shainithe toisc, de réir na reachtaíochta, gurb é an fostóir atá faoi dhliteanas i leith na sochair phinsin a íoc. Tugtar faoi deara sa reachtaíocht freisin go soláthróidh an fostóir don Rialtas na cistí a theastaíonn faoin scéim seo chun freastal ar an bhfabhrú pinsin. Dá réir sin, thaifead an Ollscoil sócmhainn pinsin infhaighte atá coibhéiseach leis an dliteanas pinsin a d'eascair as an scéim.

*Scéimeanna sochar scoir a luacháil – Scéim Pinsean 2010 (Dúnta) UCD, Baile Átha Cliath, agus Scéim Pinsean Eiseamláireach UCD agus an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair*

Mar a tugadh faoi deara thuas, feidhmíonn an Ollscoil dhá scéim pinsean lena gcuirtear sochair ar fáil bunaithe ar an bpá inphinsin deiridh. Feidhmíonn sí an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair freisin. Ba é achtúire neamhspleách cáilithe a d'ullmhaigh na luachálacha ar na scéimeanna chun measúnú a dhéanamh ar na dliteanais do gach scéim ag an 30 Meán Fómhair 2017. Cuirtear sonraí faoi na dliteanais sin ar fáil thíos.

Thuairiscigh an Ollscoil glandliteanas pinsin ag an 30 Meán Fómhair 2017 agus 2016 mar seo a leanas:

| | **2017**<br>**€'000** | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| Luach reatha dhliteanais na scéimeanna | **(1,966,431)** | (2,194,846) |
| Margadhluach iomlán na sócmhainní | - | - |
| **Dliteanas pinsin** | **(1,966,431)** | (2,194,846) |

**27. Sochair scoir** – *(ar lean)*

Is mar seo a leanas a bhí an pinsean infhaighte agus an glaneasnamh ag an 30 Meán Fómhair 2017 agus 2016:

| | **2017** | 2016 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Pinsean atá infhaighte | **1,966,431** | 2,194,846 |
| **Glaneasnamh pinsin** | **-** | - |

*Gluaiseacht i luach reatha na hoibleagáide sochair shainithe*

| | **2017** | 2016 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair | **2,194,846** | 1,814,347 |
| Costas seirbhíse reatha | **69,819** | 54,942 |
| Costas úis | **32,586** | 46,595 |
| Baill den phlean – ranníocaíochtaí | **9,730** | 8,912 |
| (Gnóthachan)/caillteanas achtúireach | **(295,593)** | 314,549 |
| Sochair a íocadh | **(44,957)** | (44,499) |
| **Ag an 30 Meán Fómhair** | **1,966,431** | 2,194,846 |

Is é €295.6 milliún (2016: caillteanas €314.5 milliún) an gnóthachan iomlán a aithnítear sa ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach i leith ghnóthachain agus caillteanais achtúireacha. Fritháiríodh é sin le gluaiseacht sa tsócmhainn chomhoiriúnaithe scéime pinsean.

Aistríodh sócmhainní na Scéime chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean an 31 Márta 2010.

*An ceart chun aisíocaíocht a fháil*

Sna ráitis airgeadais don bhliain 2016, d'aithin UCD an ceart a bhí aige chun aisíocaíocht a fháil ón Stát faoi FRS 102. Mar sin, d'aithin sé toradh ar shócmhainní an phlean agus ioncam úis. Léiríodh iad sin san anailís ar ghluaiseacht sa phinsean infhaighte le linn na bliana.

De bhreis air sin, athrangaíodh an pinsean atá infhaighte mar shócmhainn neamhreatha agus nochtar an dliteanas pinsin faoi Chreidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin, ar aghaidh an ráitis chomhdhlúite agus ollscoile ar staid airgeadais.

Sna ráitis airgeadais seo don bhliain 2017, leasaigh UCD an cur i láthair chun go mbeadh sé ag teacht le ráitis airgeadais ollscoileanna eile na hÉireann. Tháinig sé sin sna sála ar iarraidh a fuarthas ón Údarás um Ard-Oideachas.

Chuaigh an Ollscoil ar ais chuig leagan amach cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis a úsáideadh roimhe, áit a gcomhlánaítear an pinsean atá infhaighte agus an dliteanas pinsin in aghaidh a chéile sa ráiteas comhdhlúite agus ollscoile ar staid airgeadais agus a nochtar an t-ollchostas úis phinsin sa ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach.

Leasaíodh na figiúirí comparáideacha don bhliain 2016 agus ní gá an barrachas don bhliain ná na glansócmhainní iomlána amhail an 30 Meán Fómhair 2016 a choigeartú i leith an nochta pinsin.

**27. Sochair scoir** – *(ar lean)*

*Anailís ar ghluaiseacht sa phinsean infhaighte le linn na bliana*

| | **2017** | 2016 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 (mar atá athluaite) |
| Pinsean infhaighte i dtús na bliana | **2,194,846** | 1,814,347 |
| (Gnóthachan)/caillteanas achtúireach | **(295,593)** | 314,549* |
| Ranníocaíochtaí ón bhfostóir | **25,263** | 27,974 |
| Costas pinsin frithghealltа atá á chistiú ag an Stát (nóta 8) | **44,556** | 26,968* |
| Muirear maoiniúcháin frithghealltа atá á chistiú ag an Stát | **32,586** | 46,595* |
| Ranníocaíochtaí na mball den phlean | **9,730** | 8,912 |
| Sochair a íocadh | **(44,957)** | (44,499) |
| **Pinsean atá infhaighte ag deireadh na bliana** | **1,966,431** | 2,194,846 |

* Mar atá luaite thuas, níl aon ghlanathrú ann sa phinsean atá infhaighte ag deireadh na bliana. Mar sin féin, cuireadh (gnóthachan)/caillteanas achtúireach agus costais phinsin agus mhaoiniúcháin atá frithghealltа ag an Stát in ionad tagairtí a rinneadh roimhe sin don toradh ar shócmhainní an phlean agus d'ioncam úis.

*Rangú ar an dóigh a gcuirtear pinsean i láthair sa chuntas ioncaim agus caiteachais*

Nochtann an Ollscoil an caiteachas maoiniúcháin agus an costas seirbhíse breise mar mhíreanna líne sa ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach faoin teideal 'caiteachas'. Cuirtear an cistiú comhoiriúnaithe i láthair faoin teideal 'ioncam'.

| | **2017** | 2016 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 (mar atá athluaite) |
| Costas seirbhíse reatha | **69,819** | 54,942 |
| Lúide: ranníocaíochtaí an fhostóra | **(25,263)** | (27,974) |
| Costas seirbhíse pinsin incriminteach atá frithghealltа ag an Stát | **44,556** | 26,968 |
| Móide: Costas úis phinsin atá frithghealltа ag an Stát | **32,586** | 46,595 |
| Cistiú iarchurtha le haghaidh pinsean | **77,142** | 73,563* |

* Méadaíodh an cistiú iarchurtha le haghaidh pinsean faoi €47.1 milliún chun a léiriú gur fágadh ioncam úis amach as an bpinsean atá infhaighte. Mar a luadh cheana féin, leasaigh UCD an cur i láthair sa bhliain reatha chun go mbeadh sé ag teacht le ráitis airgeadais ollscoileanna eile na hÉireann. Níl aon éifeacht ann ar an ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach mar go léirítear an t-ollchostas úis anois.

**27. Sochair scoir** – *(ar lean)*

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha ag deireadh na bliana:

| | **2017** | 2016 |
|---|---|---|
| | **%** | % |
| Ráta lascaine | **2.20** | 1.50 |
| Ráta méadaithe cúitimh | **3.25** | 3.00 |
| Méaduithe pinsin | **2.25** | 2.00 |
| Boilsciú | **1.75** | 1.50 |
| Toradh ionchais ar shócmhainní an phlean | - | - |

Agus dliteanais an chiste pinsean ag an 30 Meán Fómhair 2017 á luacháil, rinneadh na toimhdí mortlaíochta a léirítear thíos.

Is é an toimhde mortlaíochta a cuireadh i bhfeidhm an príomhthoimhde déimeagrafach a théann i bhfeidhm ar dhliteanais na scéime agus ar an nochtadh cuntasaíochta lena mbaineann.

Mar gheall ar a ísle atá an líon ball den phlean agus an líon básanna, ní rabhthas in ann aon mheastacháin fhiúntacha shonracha a ghiniúint ná a anailísiú don scéim seo maidir le leibhéil mhortlaíochta amach anseo. Dá réir sin, úsáideadh táblaí caighdeánacha.

Is é 100% de S2PMA (fir)/S2PFA (mná) CMI 2013 (1.5%) an toimhde meastacháin is fearr le haghaidh mortlaíochta faoi láthair. Agus na dliteanais á luacháil, úsáidtear athróg ionadach ar an tábla caighdeánach sin mar seo a leanas:

80% de S2PMA d'fhir agus 75% de S2PFA do mhná, agus feabhsuithe mortlaíochta do gach bliain idir 2007 agus an bhliain ina dtiteann an gnáthdháta pinsin (bliain na luachála do phinsinéirí):

- 0.75% sa bhliain (fear nach bhfuil pinsean céile aige)
- 0.60% sa bhliain (bean nach bhfuil pinsean céile aici)
- 0.60% sa bhliain (fear nó bean nach bhfuil pinsean céile aige nó aici)

Níor athraíodh aon toimhdí déimeagrafacha eile ón mbliain seo caite.

**27. Sochair scoir** – *(ar lean)*

**Stair an phlean**

Is mar seo a leanas atá stair an phlean don bhliain reatha agus do bhlianta roimhe sin:

| | **2017** | **2016** | **2015** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Oibleagáid sochair shainithe | **(1,966,431)** | (2,194,846) | (1,814,347) | (1,823,687) | (1,499,599) |
| Luach cóir shócmhainní an phlean | **-** | - | - | - | - |
| Easnamh | **(1,966,431)** | (2,194,846) | (1,814,347) | (1,823,687) | (1,499,599) |

Difríocht idir an toradh ionchais agus an toradh iarbhír ar shócmhainní an phlean

| | **2017** | **2016** | **2015** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Suim | **-** | - | - | - | - |
| % de shócmhainní an phlean | **N/B*** | N/B* | N/B* | N/B* | N/B* |

*Aistríodh sócmhainní na scéime chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean an 31 Márta 2010.

(Gnóthachain)/caillteanais ó thaithí ar dhliteanais an phlean:

| | **2017** | **2016** | **2015** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Suim | **(106,674)** | (43,864) | (30,642) | (36,466) | (119,665) |
| % de dhliteanais an phlean | **5%** | 2% | 2% | 2% | 8% |

Caillteanais/(gnóthachain) a tháinig as athruithe i dtoimhdí achtúireacha:

| | **2017** | **2016** | **2015** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Suim | **(188,919)** | 358,413 | (52,849) | 293,261 | 65,847 |
| % de dhliteanais an phlean | **10%** | 16% | 3% | 16% | 4% |

**28. Imeachtaí tar éis na tréimhse tuairiscithe**

Ní raibh aon imeachtaí suntasacha ann ó dháta an ráitis ar staid airgeadais a bhféadfadh impleachtaí a bheith acu do na ráitis airgeadais seo.

**29. Athlua iarmhéideanna taighde i mblianta roimhe sin**

Cistítear tionscadail taighde ó fhoinsí seachtracha agus ó fhoinsí inmheánacha araon. Cistíonn scoileanna agus coláistí éagsúla san Ollscoil staidéir fhiúntacha ábhartha ar leith. Aon aistrithe inmheánacha a chuirtear in áirithe i gcuntas taighde, aisiompaítear as costais oibriúcháin iad i gcás cleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo agus fágtar amach iad as ioncam taighde chun nach léireofar iontu ach costais bhailí chuig tríú páirtithe agus ioncam bailí uathu.

Le linn na bliana, sainaithníodh saincheist inarb amhlaidh nár caitheadh cistí inmheánacha a aistríodh chuig cuntais taighde. Tá an chuid neamhúsáidte den aistriú inmheánach sin mar chúis le róluach※ail ar shuimeanna taighde a fuarthas roimh ré agus le gannluacháil ar ioncam taighde.

Tá na hiarmhéideanna inmheánacha taighde a sainaithníodh mar seo a leanas:

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna sochair | (10,132) | (9,607) |
| Iarmhéideanna dochair | 785 | 1,017 |
| **Glan-iarmhéideanna** | **(9,347)** | **(8,590)** |

Chuathas i bhfeidhm ar na ráitis airgeadais don bhliain 2016 mar seo a leanas:

| | Figiúirí a tuairiscíodh roimhe seo sna ráitis airgeadais do 2016<br>€'000 | Coigeartú ar fhigiúirí a tuairiscíodh roimhe seo<br>€'000 | Figiúirí a tuairiscíodh de réir figiúirí comparáideacha reatha<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Deontais agus conarthaí taighde atá infhaighte | 15,045 | (1,017) | 14,028 |
| Deontais agus conarthaí taighde a fuarthas roimh ré | 46,643 | (9,607) | 37,036 |
| Ioncam ó dheontais agus conarthaí taighde | 81,303 | 356 | 81,659 |
| Cúlchistí ioncaim ag an 30 Meán Fómhair 2016 | 400,929 | 8,590 | 409,519 |
| Cúlchistí ioncaim ag an 1 Deireadh Fómhair 2015 | 380,013 | 8,234 | 388,247 |
| Barrachas don bhliain | 20,916 | 356 | 21,272 |
| Sreabhadh airgid ó ghníomhaíocht oibriúcháin: | | | |
| - Barrachas don bhliain | 20,916 | 356 | 21,272 |
| - Méadú i bhféichiúnaithe | (4,990) | 616 | (4,374) |
| - Méadú i gcreidiúnaithe | 4,724 | (972) | 3,752 |

### 30. Deontais ó Chistí Státchiste

Is leis an ngrúpa a bhaineann na suimeanna uile.

**(a) Ioncam ó Tháillí agus Deontais Athfhillteacha (ar bhonn fabhruithe) don tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2016 go dtí an 30 Meán Fómhair 2017:**

| **Gníomhaireacht Cistiúcháin** | **An tÚdarás um Ard-Oideachas €'000** | **Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte €'000** | **Iomlán €'000** |
|---|---|---|---|
| Ioncam ó tháillí acadúla a fuarthas (seachas ranníocaíocht na mac léinn) | 43,821 | 3,320 | 47,141 |
| Deontais Stáit: | | | |
| -Deontas athfhillteach a fuarthas | 51,145 | - | 51,145 |
| -Mionoibreacha athfhillteacha a fuarthas | 146 | - | 146 |
| -Deontas forlíontach a fuarthas | 7,844 | 2,893 | 10,737 |
| **Iomlán** | **102,956** | **6,213** | **109,169** |

**(b) Deontais Chaipitil (ar bhonn fabhruithe) don tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2016 go dtí an 30 Meán Fómhair 2017:**

| **Gníomhaireacht Cistiúcháin** | **An tÚdarás um Ard-Oideachas €'000** |
|---|---|
| Suim an deontais a aithníodh mar ioncam sa tréimhse | 7,514 |
| Airgead a fuarthas sa tréimhse | 5,036 |
| Suim an deontais a bhí iarchurtha ag deireadh na tréimhse | 254,820 |
| Suim an deontais a bhí iníoctha ag deireadh na tréimhse | 7,555 |

**30. Deontais ó Chistí Státchiste** *(ar lean)*

**(c) Taighde a Cistíodh ó Chistí Státchiste agus ó Chistí Eile (ar bhonn fáltas airgid):**

**Anailís ar Fháltais Airgid**

| | Iomlán €'000 | Cistí Státchiste €'000 | Cistí Eile €'000 |
|---|---|---|---|
| **Gníomhaireacht Cistiúcháin** | | | |
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann | 25,454 | 25,454 | |
| An Coimisiún Eorpach | 19,318 | | 19,318 |
| Comhlachtaí Neamhthráchtála Stáit | 9,245 | 9,245 | |
| Gníomhaireachtaí eile Stáit | 5,921 | 5,921 | |
| Fondúireachtaí Éireannacha | 4,101 | | 4,101 |
| Fiontraíocht Éireann | 7,667 | 7,667 | |
| An Bord Taighde Sláinte | 4,323 | 4,323 | |
| Fondúireachtaí eachtracha | 3,317 | | 3,317 |
| Teagasc | 2,458 | 2,458 | |
| Gnólachtaí Eachtracha | 2,496 | | 2,496 |
| Gnólachtaí Éireannacha | 3,850 | | 3,850 |
| Iontaobhas Wellcome | 1,220 | | 1,220 |
| **IOMLÁN** | **89,370** | **55,068** | **34,302** |

**Nóta**

Is ar bhonn lánfhabhruithe a ríomhtar ioncam taighde sa ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach.

Áirítear le fáltais airgid suimeanna a fuarthas i ndáil leis an bhforchostas (costas indíreach) a chistiú. D'fhéadfaí roinnt de na fáltais sin (mar aon le fáltais airgid eile a fuarthas le linn na bliana) a iarchur agus a thaifeadadh in ioncam tráth níos déanaí.

Cuirtear iad sin ar áireamh i ndeontais agus conarthaí taighde a fuarthas roimh ré i nóta 18 leis na ráitis airgeadais.

**31. Ceadú na ráiteas airgeadais**

Síníodh na ráitis airgeadais thar ceann an Údaráis Cheannais an 2018.

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann,
# Baile Átha Cliath

**Faisnéis bhreise nach bhfuil ina cuid de na ráitis airgeadais chomhdhlúite**

**An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017**

Faisnéis bhreise nach bhfuil ina cuid de na ráitis airgeadais chomhdhlúite

## 1 Ioncam iarchurtha

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Deontas athfhillteach Stáit: | | |
| A fuarthas i dtaca leis an mbliain reatha | **60,248** | 61,698 |
| A iarchuireadh sa bhliain chuntasaíochta roimhe | **3,545** | 3,799 |
| A iarchuireadh chuig blianta cuntasaíochta ina dhiaidh sin | **(1,765)** | (3,545) |
| Deontas athfhillteach Stáit de réir na ráiteas airgeadais (Nóta 3) | **62,028** | 61,952 |

Is ar bhonn bliana féilire a fhaightear cistiú Stáit. Tá bliain airgeadais na hOllscoile bunaithe ar an mbliain acadúil ó mhí Dheireadh Fómhair go mí Meán Fómhair. De réir bheartais chuntasaíochta na hOllscoile, aithníodh deontais athfhillteacha ar bhonn fabhruithe. Dá bhrí sin, iarchuirfear cuid den chistiú in aon bhliain chuntasaíochta chuig tréimhsí cuntasaíochta ina dhiaidh sin chun an cistiú a chomhoiriúnú don chaiteachas gaolmhar.